

Aoife Ní Dhúfaigh



Séideán Sí

Sin Scéal eile!

Gearrscéalta Nuascríofa

Jacqueline de Brún

Eamonn

Sin Scéal Eile!

Gearrscéalta Nuasríofa

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc
na Gaeilge a thiomsaigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2010

Obair ealaíne © na healaíontóirí

ISBN 978-1-85791-767-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Chaeilge.

Aoife Ní Dhufaigh, Éamonn Ó Ruanáí, Sorcha de Brún, Uinsionn Ó Domhnaill,
agus Jacqueline de Brún a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Christine Warner, Karen Flannery, Kieron Black, Peter Donnelly,
Sinéad Ní Uallacháin, Steve Simpson, agus Marie Thorhuage

Printset & Design Teo a chlóbhuail in Éirinn

Le fáil tríd an bpost uathu seo:

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
ansiopaleabhar@eircom.net

nó An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
leabhair@an4poili.com

Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:

Áis,
31 Sráid na bhFíriní,
Baile Átha Cliath 2.
eolas@forasnagaeilge.ie

nó International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
info@iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhredric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

CLÁR

Saoirse an Mhic Tíre	5
Fuil Dhearg an Cheoil	19
Amestrus sa Mhúsaem	25
Marbhánach Beo	45
Nuair a Lonraigh an Lampa	57
Ard an Chnámharlaigh	63
Scanraithe!	79

Saoirse an Mhic Tíre



Aoife Ní Dhufaigh
Kieron Black a mhaisigh

‘Céard é seo, a Mham?’ a d’fhiafraigh Caoimhe dá máthair. ‘Cá bhfuair tú é?’

‘Ó, an deilbhín! An dtaitníonn sé leat?’ arsa Anna. ‘Sa siopa carthanais in Inis a cheannaigh mé inné é. Nach bhfuil sé gleoite!’

Deilbhín beag adhmaid i gcruth mac tíre a bhí ina lámh ag Caoimhe agus í á chuimilt go cúramach. Bhraith sí láithreach nach gnáthornáid a bhí ann ach go raibh rud eicínt an-speisialta ag baint leis.

Bhraith Anna an rud céanna nuair a leag sí súil air den chéad uair sa siopa in Inis. Bhraith sí go raibh an deilbhín á mealladh. Nach raibh aon rogha aici ach é a cheannach. Agus bhí sí an-fhiosrach faoi. Céard as ar tháinig sé? Cé chomh sean agus a bhí sé? Cé a rinne é?

Ach tar éis di sracfhéachaint amháin a thabhairt ar an gcailín óg taobh thiar den chuntar bhí a fhios ag Anna nach bhfaigheadh sí freagra ar na ceistanna sin inniu. Ag faire an chloig a bhí an cailín óg agus an chuma uirthi gurbh fhearr léi a bheith in áit ar bith eile seachas sa siopa.

Agus í ag cuimhneamh siar air seo anois

shocraigh Anna go mbuailfeadh sí isteach sa siopa arís ag deireadh na seachtaine. Bheadh duine den bheirt a bhíodh ag freastal ann go hiondúil taobh thiar den chuntar agus cheisteodh sí í faoin deilbhín.

Bhí Caoimhe fós ag cuimilt an deilbhín agus an chuma uirthi go raibh sí faoi dhraíocht ag an mac tíre beag adhmaid.

‘Féadfaidh tú é a bheith agat, más maith leat,’ arsa Anna lena hiníon tar éis tamaill agus meangadh uirthi. ‘Ach b’fhearr duit dul ar ais go dtí do leaba anois. Tá a fhios agat céard a dúirt an dochtúir leat!’

Bhreathnaigh Caoimhe ar a máthair. Ansin bhreathnaigh sí síos ar an deilbhín álainn a bhí ina lámh aici.

‘Go raibh míle maith agat, a Mham,’ a dúirt sí go ciúin. ‘Is aoibhinn liom é.’

Ansin d’iompaigh sí timpeall agus thosaigh sí ag siúl go mall suas an staighre. Sheas Caoimhe ag an bhfuinneog ina seomra codlata agus í ag faire amach ar an sneachta a bhí ag titim go tiubh ar na crainn taobh amuigh den fhuinneog. Chuala sí páistí na gcomharsan agus iad ag

baint suilt agus spraoi as an sneachta. Nárbh aoibhinn dóibh! Thabharfadh sí a dhá súil ar a bheith in ann a ghabháil amach. D'fhéadfadh sí fear sneachta a dhéanamh dá gcoinneodh an sneachta air ag titim! Ach thuig sí faoin am a bheadh biseach tagtha uirthi gur beag seans a bhí ann go mbeadh an sneachta fós ar an talamh.

Bhí an plúchadh go dona uirthi le cúpla seachtain anois. Fuair sí drochshlaghdán agus galrú ina cliabhrach, rud a d'fhág go raibh drochghearranáil uirthi. Bhí ordú aici ón dochtúir a cuid antaibheathach a thógáil, gan corraí as an leaba nó go bhfeicfeadh sé arís í, agus neart scíthe a fháil.

D'fhéach a máthair chuige gur lean sí comhairle an dochtúra. Níor stop Caoimhe ach ag clamhsán agus ag cur di an chéad chúpla lá. Nach bhféadfadh sí a bheith luite ar an tolg faoi phluid sa seomra suí ag breathnú ar an teilifís, a dúirt sí, in áit a bheith sáinnithe ina seomra codlata. Cén difríocht a bhí ann? Nach raibh sé chomh teolaí céanna sa seomra suí! Ach tar éis cúpla lá thuig sí nach raibh aon mhaith di a bheith ag caint. Níor thug a máthair di ach an

chluas bhodhar.

Ach ar a laghad bhí neart leabhar le léamh aici fad is a bhí sí coinnithe sa leaba. Thuig a cuid gaolta ar fad cé chomh mór agus a thaitin leabhair le Caoimhe agus ní fios cén sásamh a bhí aici sa siopa leabhar tar éis na Nollag. Í ag iarraidh a hintinn a dhéanamh suas faoi na leabhair ab fharr a cheannach leis na dearbháin ar fad a bhí faighte aici mar bhronntanais Nollag.

Watership Down an leabhar a raibh sí sáite ann faoi láthair agus cheap Caoimhe gurbh é seo an leabhar ab fharr dá raibh léite riamh aici. Nóiméad amháin bhí sí scanraithe croíbhriste ag eachtraí an scéil agus an chéad nóiméad eile bhí sí ag briseadh a croí ag gáire.

Leag Caoimhe an deilbhín go cúramach ar leac na fuinneoige agus rug sí ar an leabhar. Isteach sa leaba léi ansin go sciobtha agus síos faoi na héadaí leapa. Níorbh fhada go raibh sí te teolaí agus í éalaithe isteach i ndomhan rúnda na gcoiníní arís.

Meán oíche a bhí ann ach má ba ea féin bhí sé chomh geal leis an lá. Bhí na carnáin mhóra

sneachta ag soilsiú faoi sholas na gealaí. I bhfad as láthair d'fhéadfá sléibhte arda a fheiceáil, sléibhte a bhí clúdaithe faoi bhrat de chrainn shíorghlasa. Caithfidh sé go raibh an teocht go maith faoin reophointe faoin am seo.

Bhí goimh sa ngaoth agus níorbh fhada go raibh Caoimhe ag crith leis an bhfuacht. Thug sí faoi deara go raibh a hanáil ag déanamh scamail mhóra gal uisce in aer nimhneach na hoíche. Nuair a shéid an ghaoth calóga fuara sneachta isteach ina cuid súl baineadh an anáil di agus níorbh fhéidir léi tada a fheiceáil.

Rinne sí iarracht a lámh a ardú leis na calóga a bhaint dá héadan. Ach bhí rud eicínt aisteach tarlaithe dá lámh agus ní raibh sí in ann í a ardú. Agus caithfidh go raibh rud eicínt aisteach tarlaithe dá cuid súl chomh maith mar nuair a leáigh na calóga bhreathnaigh sí síos san áit ar cheart dá cuid cosa a bheith. Ach ní cosa a chonaic sí ar chor ar bith ach ... crúba.

Ansin bhraith sí rud eicínt ag bogadh taobh thiar di. Lig sí béic uafáis aisti nuair a bhreathnaigh sí siar. Eireaball a bhí ann agus is uirthi féin a bhí an t-eireaball! Thosaigh

sí á croitheadh agus á lúbadh féin ag iarraidh a oibriú amach céard sa domhan a bhí tarlaithe di.

An bhféadfadh sé go raibh sí ... ina gadhar? Má bhí nár cheart go mbeadh sí in ann tafann? Bhain sí triail as. ‘Bhuf!’ a dúirt sí. Agus ansin níos airde fós, ‘Bhuf!’ Iarracht sách maith a cheap sí. Ach bhí sé seo craiceáilte! An bhféadfadh sé go raibh sí ina gadhar?

‘Bhuel, i ndáiríre, d’fhéadfadh rud níos measa a bheith tarlaithe dom,’ a dúirt Caoimhe léi féin tar éis tamaill.

Thaitin gadhair thar cionn le Caoimhe agus bhí dhá chroí aici nuair a gheall a máthair go bhfaigheadh sí gadhar di. Brocaire Tibéadach a cheannódh sí di dá céad lá breithe eile. De réir an taighde a bhí déanta ag Anna le deireanas ní chuireann cluimhreach an ghadhair áirithe seo isteach ar dhaoine a mbíonn an plúchadh orthu. Is mar gheall ar an bplúchadh céanna, a bhí ag cur as di ó bhí sí ina naíonán, nach ligfeadh a máthair do Chaoimhe cat, gadhar, ná fiú coinín a bheith aici mar pheata. Is iomaí deoir a shil Caoimhe bhocht thar na blianta mar

gheall air seo ach ní raibh aon mhaith di ann. Ní ghéillfeadh Anna. Go dtí anois. Faoi cheann dhá mhí eile bheadh gadhar dá cuid féin ag Caoimhe – nuair a bheadh sí trí bliana déag.

Agus nach í a bheadh buíoch as an gcomhlúadar. Ó d'imigh a deirfiúr, Sinéad, go dtí an ollscoil i mí Mheán Fómhair bhí an teach i bhfad Éireann róchiúin di. Gan sa teach ach í féin agus a máthair. Gan aon duine ann le bheith ag argóint léi faoin seomra folctha nó faoi a bheith ag goid a cuid éadaigh. Dar ndóigh, bhí i bhfad níos mó spáis ag Caoimhe di féin anois – rud a bhí á iarraidh aici leis na blianta. Bhí éadaí deasa agus smidiú a d'fhág Sinéad ina diaidh aici chomh maith. Ach chaithfeadh sí a admháil ina croí istigh gur airigh sí uaithi a deirfiúr. Go raibh uaigneas uirthi ina diaidh. Cé a chreidfeadh é! An deirfiúr ar chaith sí a saol ag troid léi!

Ach díreach ansin chuir an gleo uafásach a tháinig chuici ar an ngaoth deireadh leis na smaointe seo. In áit éigin taobh thiar di a bhí an gleo agus é ag teacht níos gaire di de réir a chéile. Bhí a croí ina béal ag Caoimhe. Thuig sí

go raibh sí i gcontúirt. Chaithfeadh sí imeacht as an áit seo. Chaithfeadh sí éalú.

Thosaigh sí ag rith ar cosa – ar *lapa* – in airde, í ag éalú chomh scioptha in Éirinn agus a d’fhéad sí. Ach nuair a chaith sí leathshúil taobh thiar di ba bheag nár thit an t-anam ar fad aisti. Céard a bheadh ag drannadh léi ach mac – fan, ní hea – ach *mic* tíre. Leathscór acu ar a laghad.

Céard as ar tháinig siad chomh ciúin agus chomh gasta sin? I ngan fhios di! Níorbh fhada go raibh siad tagtha chomh fada léi. Iad ina leathchiorcal ina timpeall. Stop Caoimhe ag rith. Ansin d’oscail sí a béal agus lig sí scread uafáis aisti. Ach in áit scread daonna céard a thiocfadh amach as a béal ach tafann mar a bheadh ag madra nó ag, b’fhéidir, mac tíre!

Nuair a chonaic sí an mac tíre mór liath ag déanamh caol díreach uirthi bhí Caoimhe cinnte dearfa go raibh deireadh léi. Bhí sí chomh scanraithe is nach raibh sí in ann corraí as an áit a raibh sí. Ach nuair a tháinig an mac tíre chomh fada léi in áit í a alpadh is amhlaidh a thosaigh sé á bolú. Ansin thosaigh sé ag cuimilt

a chloiginn ar a gualainn go deas séimh. Chaithfeadh gur chomhartha de chineál eicínt a bhí anseo mar thosaigh na mic tíre eile ar fad ag teacht níos gaire di ansin. Rinne chuile mhac tíre acu an rud céanna a bhí déanta ag an gcéad mhac tíre léi ar nós dá mbeidís ag cur fáilte roimpi.

‘Is cosúil gurb é an mac tíre mór liath an ceannaire atá orthu. Tá siad ag glacadh leis gur cuid den chonairt mé,’ arsa Caoimhe ina hintinn féin.

Díreach agus í ag teacht ar an tuairim seo shuigh an ceannaire faoi ar an sneachta, d’iompaigh sé i dtreo na gealaí agus thosaigh sé ag tafann go cráite. Rinne na mic tíre eile an rud céanna. Bhrisfeadh sé do chroí a bheith ag éisteacht leis an olagón a bhí acu.

‘Ar nós amhránaíocht ar an sean-nós,’ arsa Caoimhe léi féin.

Tar éis tamaill stop na mic tíre agus bhreathnaigh siad ar Chaoimhe.

‘Ó, maith go leor,’ a dúirt sí. ‘Bainfidh mé triail as. Ní fhéadfadh sé a bheith ródheacair.’

Leis sin, d’iompaigh sí i dtreo na gealaí agus

lig sí uail aisti – an uail ab fhaide agus ab airde a d’fhéadfá a shamhlú. Bhreathnaigh sé go raibh na mic tíre sásta go leor lena cuid iarrachtaí agus thosaigh siad féin ar an olagón arís. Ach ansin go tobann stop siad. Ní raibh a fhios ag Caoimhe ar feadh scaithimh go raibh siad stoptha de bharr go raibh sí ag cur gus a hanama isteach ina cuid tafainn.

Cén fáth ar stop na mic tíre den olagón? Céard a bhí ag tarlú? Is ansin a thug sí faoi deara an boladh breá bia a bhí ag teacht chucu ar an ngaoth. Caithfidh sé go raibh láthair champála in áit eicínt cóngarach dóibh. D’éirigh Caoimhe agus lean sí na mic tíre a bhí anois ag rith ar luas lasrach i dtreo an bholaidh. Níor theastaigh uaithi go dtiocfadh deireadh go deo leis an eachtra iontach seo. Bhí sí ar mhuintir na muice anois agus í ag rith ar nós na gaoithe leis na mic tíre. Bhí sí folláin, láidir, scafánta, saor.

Nuair a d’aithin sí an boladh – stéig, thuig Caoimhe go tobann go raibh sí stiúgtha leis an ocras. Ní raibh an bia rófhada uathu anois agus thug sí faoi deara go raibh na prisliní móra a bhí

ag teacht as a béal ag leá an tsneachta thíos ag a cosa. Ansin, go tobann, tháinig smaoineamh uafásach isteach ina ceann. An raibh na mic tíre le daoine a ionsaí agus iad a ithe? Bhí a fhios aici ó bheith ag breathnú ar chláracha ar an *Discovery Channel* go n-itheann mic tíre daoine amanta. Lig sí béic aisti ag súil go gcloisfeadh na daoine sa láthair champála í.

‘Bígí cúramach! Bígí cúramach! Tá mic tíre ag teacht!’


‘Céard atá ort, a stór? Cén fáth a bhfuil tú ag béiceadh?’ arsa Anna go himníoch. ‘Tá súil agam nach bhfuil teas fola ort arís. Tá an t-allas ag sileadh asat. Suigh suas sa leaba agus ith do dhinnéar sula mbeidh sé fuar.’

Shuigh Caoimhe aniar sa leaba go mall. Bhí mearbhall uirthi. Chonaic sí Anna cromtha os a cionn. Chonaic sí a dinnéar ar an mboirdín le hais na leapa agus an ghal ag éirí as. Sceallóga, muisiriúin agus stéig. Bhí na héadaí leapa ar fad in achrann thíos ag a cosa. Ach bhí an deilbhín adhmaid fós san áit ar fhág sí é ar leac na fuinneoige.

B’fhacthas do Chaoimhe go raibh an mac

tíre beag ag stánadh uirthi agus ag cur na súile tríthi. Bhreathnaigh sí air ar feadh nóiméid agus í ag cuimhneamh ar a seal beag aoibhinn ina mac tíre ... í folláin, scafánta, saor.

*Fuil Dhearg
an Cheoil*



Éamonn Ó Ruanaí
Karen Flannery a mhaisigh

An chéad uair riamh a chonaic Ciarán Jimi Hendrix ar an teilifís shocraigh sé giotár a cheannach. Hendrix ina sheasamh ar an ardán ina chulaith bhán, bandána timpeall a chuid gruaige, a shúile dúnta agus a bhéal ar leathoscailt aige. É beag beann ar an slua os a chomhair amach, slua a bhí ag stánadh air ar nós páistí ocracha ag faire ar fhuinneog siopa milseán. A mhéara ag rince ar mhuineál an ghiotáir agus iad ag tarraingt ceol fíochmhar as mar a bheadh mála de chait fhiáine ann oíche ghealaí. Ní raibh aon dul as. Bhí giotár ó Chiarán. Láithreach!

Ní raibh ach an t-aon fhadhb amháin ann. A Mhamaí, ar ndóigh. Cé eile?

‘Giotár? Níl giotár ar bith ag teacht isteach sa teach seo! Bheimis bodhar agat! Cé mhéad a chosnódh sé? Cé a mhúinfeadh duit conas é a sheinm?’

Ach bhí freagra ag Ciarán ar gach ceist agus ghéill sí sa deireadh, mar ba ghnách. Ach bhí fadhb amháin eile fós aige – ní íocfadh sí as!

Bhí an t-ádh dearg leis. Bhí a chóineartú díreach thart agus bheadh a bhreithlá ann gan mhoill. Ar ndóigh, ní raibh a uncailí ná a aintíní

róshásta é a fheiceáil chucu arís chomh luath seo ach ní raibh an dara rogha acu. Bíonn ar a leithéidí bronntanas a thabhairt dá nia ar a bhreithlá – is riail dhaingean dhocht í! Fuair sé airgead óna Dhaideo faoi dhó. Bhí an fear bocht an-dearmadach ach, chun a cheart a thabhairt do Chiarán, níor ghnách leis teacht i dtír air sin.

Nuair a bhí gach cent rua bailithe le chéile aige thug Ciarán aghaidh ar an siopa ceoil. Déagóir le gruaig fhada shleamhain, a raibh a chuid cainte chomh mall lena chuid siúil, a bhí i bhfeighil na ngiotár. Bhí sé ina shuí ar stól ard ag léamh *Rock Guitar Monthly* agus lean sé air ag léamh a fhad is a bhí Ciarán ag breathnú timpeall an tsiopa.

Nuair a dúirt Ciarán leis go raibh giotár cosúil le giotár Hendrix de dhíth air tháinig miongháire beag ar a bhéal. Shín sé méar fhada thanaí i dtreo cás gloine taobh thiar de. Stán Ciarán ar an ngiotár sa chás agus a bhéal ar oscailt aige. B'in é an giotár a bhí uaidh, gan dabht ar domhan – an cruth, an dath, an loinnir – gach rud díreach i gceart. Ach ansin thug sé an praghas faoi deara agus thuig sé an

miongháire. Bheadh fiche uncail agus daichead aintín de dhíth air chun giotár den chineál sin a cheannach!

Chonaic an déagóir an díomá ar aghaidh Chiaráin agus lig sé osna as. Bheadh air éirí den stól! Thug sé Ciarán siar isteach i gcúl an tsiopa, áit a raibh na giotáir shaora d'fhoghlaimoirí. Thaispeáin sé ceann do Chiarán a bhí cosúil le giotár Hendrix agus d'inis sé dó gur giotár mar sin a bhí aige féin agus é ag foghlaim. Thaispeáin sé dó conas an giotár a chur i bhfearas agus mhúin sé corda 'C' dó. Sheol sé abhaile ansin é chun a bheith ag cleachtadh. Ach sular fhág Ciarán an siopa d'inis sé dó go mbíodh Hendrix ag cleachtadh ar feadh cúig uaire an chloig gach lá nó go dtí go dtosaíodh a mhéara ag cur fola!

Nuair a shroich Ciarán an baile thóg sé an giotár as an mbosca go réidh cúramach agus phlugáil sé isteach é. Thosaigh sé ag cleachtadh go díograiseach agus meangadh mór gáire ar a bhéal. Taobh istigh de chúig nóiméad, áfach, bhí an meangadh gáire imithe. Bhí pianta ina chuid méar, ina ghuailí, i gcaol na láimhe agus fiú ina mhuineál. Chomh maith leis sin bhí a


Mhamaí ag screadaíl ar an taobh eile den doras.

‘Ach, a Mham,’ arsa Ciarán de bhéic, ‘caithfidh mé a bheith ag cleachtadh go dtí go dtosaíonn mo mhéara ag cur fola!’

‘Beidh rud éigin eile ag cur fola mura n-éiríonn tú as láithreach,’ a scread a Mhamaí ar ais.

Ní raibh an dara rogha aige ach éirí as a bheith ag cleachtadh ina sheomra codlata! Ach gach lá ina dhiaidh sin chaitheadh sé tamall ag cleachtadh sa tseid ag bun an ghairdín agus a fhad is a bhí a chuid gruaige ag éirí níos faide, bhí an tréimhse chleachtaidh ag éirí níos faide freisin.

Agus lá aoibhinn amháin, sa tseid sin ag bun an ghairdín – a shúile dúnta, a bhéal ar leathoscailt aige agus an giotár ag screadaíl mar a bheadh mála de chait fhiáine ann oíche ghealaí – mhothaigh sé a mhéara ag sleamhnú ar na sreanga. Agus nuair a d’fhéach sé síos cad a bhí le feiceáil ag sileadh óna mhéara ach fuil dhearg an cheoil.



AMESTRUS SA MHIUSAEM

Sorcha de Brún
Marie Thorhaug a mhaisigh

Tráthnóna báistí, nuair a bhí an turasóir deireanach imithe agus an doras mór dúnta ag an bhfear slándála, thit ciúnas seal ar Mhúsaem Stair an Dúlra. Ach bhí ainmhithe an mhúsaem ag ullmhú i gcomhair oíche mhór scéalaíochta.

‘Nach mbíonn an aimsir in Éirinn go hainnis!’ arsa an Míol Mór Gorm ón áit ina raibh sé ar foluain go hard san aer faoi dhíon mór gloine an mhúsaem.

Lig sé osna.

‘Cuireann an bháisteach seo uaigneas orm,’ a dúirt sé, ‘mar cuireann sí an fharraige i gcuimhne dom.’

Tharraing sé anáil agus nuair a lig sé amach í steall uisce amach as in airde agus thit anuas ar cheann an Tíogair. Baineadh geit as an Tíogar agus lig sé béic as. D’fhéach na hainmhithe eile suas ar an Míol Mór Gorm le barr iontais.

‘Nach ndúirt mé leatsa cheana gan a bheith ag gearán faoin drochaimsir!’ a dúirt an Tíogar, na fiacla ag imeacht sa cheann aige. ‘Má bhíonn drochaimsir ann b’fhéidir go dtiocfadh sneachta. Is deas mar a ghlanann an sneachta mo chóta. Bíonn gach duine ag baint lán na súl

asam ansin. Go deimhin, deir siad go bhfuilim go hálainn. Agus rud beag eile,’ ar seisean leis an Míol Mór Gorm, ‘nach méanar duit a bheith thuas san aer úr ansin!’

‘Níl meas madra agamsa ar an aer úr!’ a dúirt an Míol Mór Gorm agus uisce ag spalpadh óna bhéal. ‘Is fuath liom é! Is fearr liom an t-uisce!’

Dhúisigh an Madra Rua nuair a cheap sé gur chuala sé a ainm.

‘An bhfuil duine éigin ag magadh fúm?’ ar seisean ón áit ina raibh sé ina sheasamh ar an luachair i Seomra na hÉireann, éan marbh in aice leis.

‘Gabh mo leithscéal,’ arsa an Míol Mór Gorm go maorga, ‘ach ní leatsa a bhí mé ag caint.’

Chas sé a dhroim leis an Madra Rua. Ansin lean sé air ag féachaint amach an díon mór gloine ar an mbáisteach a bhí ag titim gan stad ar an gcathair thíos faoi agus ar na daoine a bhí ag siúl thar bráid faoi dheifir. Tar éis tamaill labhair sé arís:

‘Nach deas é seo. Caithimse an lá ar fad agus daoine ag faire orm. Ach anois tá deis agamsa a bheith ag faire i ngan fhios orthusan!’

Bhí an Damhán Alla tar éis a bheith ag éisteacht leis an gcomhrá ar fad agus é ina sheasamh ar an dealbh nua a tugadh isteach an mhaidin sin. Thuirling sé di go tapa.

‘Is fada an lá ó bhí duine ar bith ag baint lán na súl *asatsa*, a Thíogair!’ a dúirt sé i nglór beag íseal.

D’fhéach an Tíogar timpeall. Ní raibh sé ábalta rud ar bith a fheiceáil sa dorchadas seachas na céadta boscaí gloine ina raibh cuid de na hainmhithe beaga ina gcónaí. Tháinig fearg air.

‘Cé a dúirt é sin?’ a bhéic an Tíogar. ‘Nach mbíonn daoine ag baint lán na súl asamsa mar a bhíonn siad as an Míol Mór Gorm? Nach mbíonn cláracha fúmsa ar an teilifís ó mhaidin go hoíche! Taispeáin tú féin!’

‘Táim anseo ... anseo ... *anseo*. Nach bhfeiceann tú mé?’

Agus, leis sin, léim an Damhán Alla anuas thosaigh sé ag rince ar shrón an Tíogair.

‘Go bog, a chairde. Tógaigí go bog é!’ a dúirt an Fia Mór agus d’ardaigh sé a bheanna san aer. ‘Féachaigí,’ ar seisean agus é ag féachaint

timpeall ar na hainmhithe eile. ‘Tá cuid againn i mbaol agus tá deireadh leis an gcuid eile againn. Ach is ag ceiliúradh atáimid anocht! Ár n-oíche scéalaíochta! Mar sin, ba mhaith liomsa, mar Fhia an tí, seans a thabhairt do gach ainmhí a scéal a insint.’

Bhí na cluasa ar bior acu go léir. Go tobann briseadh ar an gciúnas.

‘Tá an Míol Mór maol i mbaol! Tá an Míol Mór maol i mbaol!’ a scread an Phearóid ón Taispeántas Idirnáisiúnta thuas staighre ar an gcéad urlár.

Áit éigin sa Ghailearaí Íochtarach i mbun an mhúsaeim rinne ainmhí beag gáire. Réitigh an Fia Mór a scornach ach, sula raibh seans aige aon rud a rá, chuala sé torann taobh thiar de. Bhí rud éigin tar éis titim ar an urlár. Chas sé timpeall. Ach ní raibh le feiceáil ach an dealbh mharmair nua agus í faoi scáileanna na hoíche.

Thug sé aghaidh ar an gcomhlúadar arís.

‘Bhuel, a chairde, tá sé in am tús a chur leis an oíche scéalaíochta!’ a dúirt sé. ‘Glaeim ar an mBeach Fhiáin. A Bheach, an inseoidh tú do scéal dúinn?’

D'éitil an Bheach Fhiáin os a gcionn in airde gur thuirling ar dhroim a seancharad, an Míol Mór Gorm, a bhí fós ag féachaint amach an díon mór gloine. D'fhéach sí ar na haghaidheanna a bhí thíos fúithi.

'Inseoidh, cinnte,' ar sise.

Ach in ionad a scéal a insint nuair a d'oscail sí a béal beag, lig sí liú mór aisti agus thosaigh sí ag léim suas síos ar dhroim an Mhíl Mhóir Ghoirm.

'Ó! Ó!! Ghortaigh tú mé! Tóg go bog é!' arsa an Míol Mór Gorm.

'Is í atá ann!' a dúirt an Bheach Fhiáin agus bús ceart aici. 'Is í atá ann!'

'Sancam soncam, ach cad atá ort anois, a Bheach?' arsa an Dineasár.

'Sin í an bhean a chuir chun báis mé!' arsa an Bheach. 'Aithním an scáth fearthainne sin!'

Bhí an Míol Mór Gorm fós ag féachaint amach ar an gcathair thíos.

'Tá sí ag rith thar an músaem,' ar seisean agus é ar bís, 'agus tá sí fliuch go craiceann!'

Nuair a chuala na hainmhithe go raibh an bhean a mharaigh an Bheach Fhiáin ag rith thar

an músaem tháinig fearg orthu.

‘Nach dána an aghaidh atá uirthi!’ arsa an Phearóid.

‘Is ea,’ arsa an Bheach Fhiáin, ‘ach cheap sí go raibh m’aghaidhse níos dána fós! Cheap sí go raibh mé ag iarraidh a leanbh sa chliabhán a ghortú. Rinne mise crónán speisialta don leanbh agus bhí seisean ag féachaint aníos orm, é breá sásta, agus é ag gáire. Agus mharaigh sí mé lena scáth fearthainne! Ar an spota.’

‘Dá bhfaighinn greim uirthi siúd chuirfinn mé féin timpeall a muiníl agus thachtfainn í!’ arsa an Nathair Nimhe.

Ní dúirt an Bheach Fhiáin faic ach crónán a ligean.

‘Agus tusa,’ a dúirt an Fia Mór léi. ‘Cad a dhéanfása, a Bheach, ós rud é gur tusa an neach a mharaigh sí?’

‘Ní dhéanfainn aon díobháil di,’ a dúirt an Bheach Fhiáin. ‘Tá clann mhór uirthi agus níor thuig sí cad a bhí á dhéanamh aici.’

Thit ciúnas ar na hainmhithe eile.

‘Tá a máthair ag teastáil ó na páistí sin!’ a dúirt an Bheach Fhiáin.

‘Bíonn máthair ag teastáil uainn go léir!’ a d’fhógair guth ó lár an mhúsaeim – guth nua nach raibh cloiste cheana acu.

Chas na hainmhithe timpeall. Ní fhaca siad rud ar bith ar dtús. Ach ansin bhog na scamail sa spéir beagán agus tháinig solas na gealaí isteach tríd an díon. Thit sé anuas ar dhealbh álainn de chailín óg a bhí ag seasamh ina staic léi féin i lár an tseomra, dath dubh uirthi nach den oíche é ach de mharmaid.

‘A Thiarcais!’ arsa an Madra Rua. ‘Cé hí sin?’

‘Sin í an dealbh nua!’ a dúirt an Nathair Nimhe. ‘An dealbh a tugadh isteach ar maidin. Agus tá sí ina dúiseacht!’

‘Ó, nílim nua in aon chor,’ arsa an dealbh. ‘Agus, go deimhin, táim i mo shuí le fada.’

Rinne sí gáire beag. Sheas an Fia Mór amach ó na hainmhithe eile agus chuir sé na beanna síos go dtí gur theagmhaigh siad leis an urlár.

‘Gabhaim pardún thar ceann ainmhithe an mhúsaeim,’ ar seisean, ‘ach níor thuigeamar go raibh an chaint agat! Fáilte romhat inár measc.’

‘Go raibh maith agaibh,’ a dúirt an dealbh. ‘Mise Amestrus. Deas bualadh libh. Ach aontaím

leis an mBeach Fhiáin. A chairde, lig don mháthair sin! Ní raibh sí ach ag cosaint a linbh.'

D'fhéach na hainmhithe ar a chéile agus chroith an Madra Rua agus an Phearóid a gceann ó thaobh taobh.

'Agus tusa, a dhealbh,' arsa an Tíogar. 'Cén fáth a bhfuil tusa sa mhúsaem seo anocht?'

Chuimil Amestrus a lámh agus ní dúirt sí faic ar feadh tamaill. Ar deireadh d'ardaigh sí a ceann agus d'fhéach sí orthu.

'Ní bheidh mé anseo i bhfad,' a dúirt sí, 'b'fhéidir nach fiú mo scéal a insint, mar sin.'

'Ó, sin a dúirt siad linn go léir na céadta bliain ó shin, a Amestrus, agus táimid fós anseo! Ba bhreá linn do scéal a chlos!' arsa an Fia Mór. 'Nár bhreá, a chairde?'

Chas sé i dtreo na n-ainmhithe eile. D'aontaigh siad ar fad leis.

'Tá go maith,' a dúirt Amestrus agus tharraing sí anáil fhada. 'Eachtróidh mise mo scéal daoibh, mar sin. Ba é an teas faoi deara é. Is é an rud a tharla ná –'

Go tobann chuala siad glórtha daonna lasmuigh agus eochair sa doras mór.

‘Tranglam manglam!’ arsa an Míol Mór Gorm. ‘Tá duine éigin ag teacht isteach sa mhúsaem! *Brostaí! Ar ais ar na seastáin agus isteach sna boscaí gloine!*’

Suas ar na seastáin agus isteach sna boscaí gloine leo ar nós na gaoithe. Na hainmhithe ar cheart dóibh bheith i dtaisce, chuaigh siad i dtaisce agus na hainmhithe ar cheart dóibh a bheith á dtaispeáint féin, chuir siad iad féin ar taispeáint. Chuala siad an doras mór ag díoscán. Ba dheacair é a oscailt. Faoi dheireadh osclaíodh in aon iarracht mhór amháin é. Chuala na hainmhithe coiscéimeanna ag siúl trasna an urláir. Lasadh na soilse. Stiúrthóir an mhúsaem agus beirt bhan a bhí ann.

‘Seo linn,’ arsa an Stiúrthóir.

Bhí sé ar tí siúl ar aghaidh nuair a rith rud éigin leis. Chrom sé síos chun féachaint ar an doras mór a bhí tar éis an díoscán ar fad a dhéanamh. Chnag sé go héadrom air.

‘Tá braon ola ag teastáil uaidh seo,’ a dúirt sé.

Dhún sé an doras ina dhiaidh. Baineadh creathadh as fuinneoga an mhúsaem.

D’fhéach an bheirt bhan timpeall.

‘Tá an-bhrón orm faoi seo, a Jack,’ a dúirt duine acu leis an Stiúrthóir, ‘ach rinne mé dearmad glan féachaint ar an dealbh sin nuair a bhí mé anseo tráthnóna. Bhíomar déanach ag teacht agus, ar deireadh, ní raibh ach mé féin agus Betty fágtha sa mhúsaem –’

‘Na tuilte ar na bóithre, b’in a chuir moill orainn, nárbh ea, a Martha?’ a dúirt an bhean eile.

‘Agus ansin bhí an fear slándála ag tabhairt orainn imeacht!’ arsa an chéad bhean. ‘Ach tá an méid sin cloiste againn faoin dealbh gur mhaith linn í a fheiceáil anois. Is é seo an seans deireanach againn.’

Chuimil an Stiúrthóir a shúile. Bhí sé an-tuirseach. Ach bhí saghas eagla air roimh a aintín.

‘Cinnté, a Aintín Martha ... ach ... ach cén dealbh go díreach atá i gceist agat?’ ar seisean.

‘Mo náire thú, a Jack. Cén dealbh! Níl ach dealbh amháin sa mhúsaem seo faoi láthair a bhfuil clú agus cáil uirthi. An dealbh mharmair sin a bhí sna nuachtáin go léir ar maidin! *Amestrus* a thugtar uirthi, ... nach ea? Fan go

bhfeicfidh mé cá bhfuil sí anois ...'

'A *Martha!* Tar anseo! Tá sí *agam!* Seo í!'

Bhí Betty ag glaoch ó lár an mhúsaeim, áit a raibh sí ina seasamh in aice le dealbh dhubh mharmair, a lámha sínte amach faoi mar a bheadh sí ag cur Amestrus in aithne dóibh. Bhí Amestrus ina seasamh os a gcomhair, bogha agus saighead thar a gualainn. Bhí an chuma uirthi go raibh sí díreach tar éis teacht ón tseilg agus go raibh lá fada curtha isteach aici. Bhí ainmhí beag ina luí in aice lena cos chlé. Bhí gáire beag ar a béal, ach na súile, bhí siad ag féachaint ar rud éigin a bhí i bhfad i gcéin. Bhain áilleacht an mharmair an anáil de na mná. Leag Martha a méara ar ainm Amestrus mar a bhí sé greanta sa mharmar ag bun na deilbhe:



‘Ach níl aon eolas scríofa anseo mar gheall ar Amestrus agus mar gheall ar a saol!’ arsa Betty agus díomá ina glór.

‘Tá eolas agamsa fúithi,’ arsa Martha, ‘mar léigh mé mar gheall uirthi sa nuachtán.’

Shiúil sí i dtreo na deilbhe go dtí go raibh sí díreach in aice léi. Bhain sí a spéaclaí di agus d’fhéach sí aníos ar Amestrus.

‘Rinneadh an dealbh seo de chailín Gréagach na mílte bliain ó shin. Bhí sí go hálainn tráth ach tá a ré mar dhealbh beagnach thart agus níl aon luach ag baint léi anois. Tá sé i gceist í a chaitheamh amach. Féachaigí! Nach bhfeiceann sibh go bhfuil sí ag titim as a chéile. Ní fiú dealbh mar sin a chur isteach in aon mhúsaem!’

Chuir sí a lámh ar ghruaig Amestrus agus thit píosa di go talamh.

‘Aon oíche amháin a bheidh sí anseo. Cuimhníge! Í ina dealbh cháiliúil tamall, ach níl inti anois ach seandialbh bhriste nach bhfuil ag teastáil ó aon mhúsaem ar domhan. Nach bhfuil an ceart agam, a Jack?’

D’fhéach sí ar an Stiúrthóir. D’fhéach an Stiúrthóir ar a uaireadóir.

‘B’fhearr dúinn a bheith ag imeacht,’ ar seisean.

‘Nach mór an trua sin! Bhuel, bhuail muid léi, ar aon nós,’ arsa Betty.

‘Is ea, sin an rud is tábhachtaí, go bhfaca muid í,’ arsa Martha. ‘Agus anois beimid ábalta a rá le gach duine ag baile go bhfaca muid an dealbh is cáiliúla in Éirinn!’

‘Is dócha,’ arsa Betty agus chas sí timpeall go dtí go raibh sí ag féachaint isteach i súile Amestrus.

‘Slán agat, a Amestrus,’ ar sise. ‘Caithfidimid imeacht anois, ach ní dhéanfaidh mé dearmad ort.’

Leag sí a lámh ar lámh Amestrus faoi mar a bheadh sí ag croitheadh láimhe léi.

‘Nach tú atá i bhfad ó bhaile anseo! Ba bhreá liom ceist a chur ort fút féin agus faoinar tharla duit. Ach, gan amhras, ní féidir leat na freagraí sin a thabhairt dúinn go deo.’

Ansin chas sí ar a sála agus shiúil siad triúr síos na pasáistí fada. Mhúch siad na soilse, dhún siad an doras mór ina ndiaidh de phlab, casadh an eochair sa doras agus thit ciúnas arís

ar an músaem.

Labhair Amestrus ansin.

‘Tá a fhios agaibh anois cad atá romham,’ ar sise go ciúin, ‘agus is dócha gur mhaith libh mo scéal a chlos freisin. Rugadh agus tógadh mé sa Chréit, níos mó ná trí mhíle bliain ó shin. Konstantinos ab ainm do m’athair agus Leaina ab ainm do mo mháthair. Bhí m’athair ag obair don Rí. Bhí cónaí orm in áras álainn ar mhachaire mór le mo mhuintir agus le mo pheataí. Bhí gach rud agam.’

Lig sí osna aisti, a shéid mar leoithne ghaoithe trí sheomraí móra an mhúsaeim.

‘Lá amháin – mo lá breithe a bhí ann – bhí mé ag súgradh lasmuigh nuair a ghlaoigh mo mháthair isteach sa teach mé. Bhí bronntanas aici dom – cóta álainn de gach dath agus de gach mianach faoin spéir. Dúirt sí liom go gcoimeádfadh an cóta sin slán mé. Chuir mé orm é agus thaitin sé go mór liom. Ach an oíche sin bhrúcht bolcán ar an oileán. Ní cuimhin liom mórán faoi ach is cuimhin liom an teas marfach, na tinte agus na tuilte. Agus is cuimhin liom an fuacht ina dhiaidh. Cailleadh

mo mháthair agus m'athair, mo chairde, agus mo pheataí go léir. Sa deireadh fuair mise bás chomh maith. Agus nuair a fuarthas mo chorp rinneadh dealbh díom. Agus táim i mo dhealbh ó shin i leith. Sin é mo scéalsa. Sin a tharla dom.'

Nuair a bhí a scéal críochnaithe aici ní raibh aon rud le clos ach an macalla a bhain an marmar as an urlár nuair a thit píosa di air.

Leag Amestrus lámh fhuar ar a héadan.

'Táim ag éirí fuar arís anois,' a dúirt sí agus rinne sí casacht.

'Déanfaimid cóta nua duit, a Amestrus!' arsa an Fia Mór. 'Chun tú a choimeád slán feasta!'

Mhúscail na focail sin na hainmhithe eile ar fad.

'Is ea, déanfaimid cóta duit ionas nach mbeidh tú fuar go deo arís!'

'Cóta de gach dath faoin spéir!'

Chuaigh siad i mbun oibre. Ba de chlúmh buí agus dubh an Tíogair a rinne siad an cóta. Anuas air sin leag an Dineasár a scálaí liatha. Anuas ar scálaí an Dineasáir chuir an Phearóid slám dá cuid cleití agus chaith an Damhán Alla leaba airgid aníos ar an gcóta mar sheál.

Thug an Madra Rua cuid dá fhionnadh chun go mbeadh bóna deas cluthar ag an gcóta. Sa deireadh cheangail na hainmhithe an t-ábhar ar fad le chéile le hola an Mhíl Mhóir Ghoirm, rud a chuir snas álainn ar an gcóta. Bhí giotaí de bheanna dubha an Fhia Mhóir mar chnaipí aige.

Nuair a chuir Amestrus an cóta nua uirthi tháinig áthas ar a croí marmair. D'fhéach sí timpeall ar a cairde nua. Bhí cuma thraochta orthu. Bhí cuma lom ar an Dineasár agus bhí an Tíogar ag féachaint tanaí.

'Go raibh maith agaibh,' a dúirt sí. 'Ach anois, cad is féidir liomsa a dhéanamh daoibhse?'

'Tar ar ais chugainn, a Amestrus,' a dúirt an Míol Mór Gorm de ghuth mall réidh. 'Sin atá uainn.'

'Is ea, tabhair cuairt orainn arís!' a dúirt an Phearóid. 'Ná déan dearmad orainn go deo!'

Thosaigh siad ag bualadh bos agus líon súile Amestrus le deora.

'Codladh sámh, a chairde!' arsa Amestrus.

'Oíche mhaith, a Amestrus!' a dúirt an Nathair Nimhe agus ba ar éigean a bhí Amestrus

ábalta a guth a chlos.

‘Slán codlata na Ríthe agat, a chailín!’ arsa an Madra Rua go ciúin.

‘Go n-éirí do bhealach leat, a dhealbh!’ arsa an Fia Mór os íseal.

Agus, go tobann, thit codladh orthu go léir.

Nuair a bhí an t-ainmhí deireanach tite a chodladh d’ullmhaigh Amestrus í féin don imeacht i leathsholas an mhúsaeim.

Nuair a tháinig an Stiúrthóir isteach an lá dár gcionn chun an dealbh bhriste a bhailiú ní raibh sí le feiceáil i lár an mhúsaeim. Ach bhí solas na gréine ag titim anuas tríd an díon ar chleití éin, ar pháosaí de ghruaig dhubh agus de lámha marmair a bhí ina luí ar an talamh. Lig an Stiúrthóir scread as a dhúiseodh Farónna na hÉigipte.

‘Cad a rinne sibh léi?’ a bhéic sé. ‘Ó, ba cheart go mbeadh a fhios agam nach mbeadh sí sábháilte anseo! Ní nach ionadh go bhfuil cuid agaibh i mbaol agus gur tháinig deireadh leis an gcuid eile agaibh!’

Ní raibh gíog ná míog as na hainmhithe. Pé áit a raibh sí, bhí a fhios acu go raibh cóta nua

Amestrus tar éis í a thabhairt slán.

Diaidh ar ndiaidh, áfach, rinne an Stiúrthóir dearmad ar Amestrus agus ar ar tharla di. Ach ní dhearna na hainmhithe dearmad uirthi. Ba mhinic a labhair siad fúithi le linn oícheanta scéalaíochta an mhúsaem agus d’inis siad scéal agus stair Amestrus chomh maith lena gcuid scéalta agus lena gcuid staire féin.


Agus má bhuaileann tusa isteach i Músaem Stair an Dúlra lá, feicfidh tú go bhfuil na hainmhithe fós ina gcodladh – go dtí go n-imíonn tú agus go ndúnann tú an doras mór i do dhiaidh. Is ann a fhanfaidh siad go dtí go bhfillfidh a gcara Amestrus ar an músaem.

Tiocfaidh sí, cinnte, ach níl a fhios agam cathain.

Ach tá fuílleach ama acu.

Ní bhíonn aon deifir ar an stair.

Marbhánach Beo



Uinsíonn Ó Domhnaill
Peter Donnelly a mhaisigh

Tráthnóna fuar i ndeireadh mhí Dheireadh Fómhair a bhí ann nuair a fuair Tarlach Rua an scéala go raibh a dheartháir, Peadar, i ndiaidh bás a fháil san otharlann i Srath an Urláir. Léigh sé an sreangscéal trí nó ceithre huaire le bheith cinnte fán scéal. Ar ndóigh, bhí sé cineál ag súil leis seo le tamall nó ní raibh an tsláinte go maith ag an Pheadar chéanna agus ní raibh an chuma air go raibh biseach i ndán dó.

Chuaigh Tarlach thart ar chúpla duine de na comharsana gur inis sé an scéal dóibh. Bhí a fhios aige go gcruinneodh siadsan leis an teach a fháil réidh fá choinne na faire a fhad is a bheadh seisean ag gabháil go Srath an Urláir fá choinne an choirp.

Nuair a phill Tarlach chun an tí rinne sé cinnte go raibh achan rud in ord. Chuir sé airgead ar bith a bhí ina luí thart agus rudaí príobháideacha i bhfolach. Ní hé nár thrust sé na comharsana ach san am chéanna b'fhearr a bheith cinnte. Ansin nigh sé agus bharr sé agus chóirigh sé é féin. Nuair a bhí sin uile déanta aige thug sé léim ar a rothar agus d'imigh sé ag tarraingt ar an bhaile mhór. D'éirigh leis na ceithre mhíle

a dhéanamh gan chith. Bhí ceathanna troma cloch sneachta ann an lá sin.

Nuair a shroich Tarlach tábhairne Phádraig d'fhág sé a rothar i gcúl an tí agus isteach leis sa bheár agus d'ordaigh leathcheann uisce beatha. Nuair a fuair sé an deoch bhain sé slog as agus d'fhiafraigh den chailín an raibh Pádraig thart. Dúirt sí go raibh agus d'imigh sí suas chun na cisteanadh. I gceann bomaite anuas le Pádraig.

'Is é do bheatha chun an tí,' arsa seisean ag síneadh amach a lámh chuig Tarlach.

Chroith Tarlach a lámh agus arsa seisean, 'Faraor, ní le dea-scéala a thagam.'

Agus thosaigh agus d'inis dó fána dheartháir.

'Ó, tá mé buartha fá do thrioblóid,' arsa Pádraig. 'An bhfuil a dhath a thig liom a dhéanamh duit?'

Ar ndóigh bhí fios maith ag Pádraig gurbh é sin an tuige a raibh Tarlach sa teach nó ní rómhinic riamh a dhall sé a dhoras. Adhlcóir a bhí i bPádraig chomh maith le teach tábhairne a bheith aige. Sin dá dtiocfadh leat 'adhlcóir' a thabhairt air nó is beag a níodh a leithéid san am sin le taobh dualgaisí adhlcóra inniu.

‘Bhuel,’ arsa Tarlach, ‘ba mhaith liom cónra a cheannach agus tú a ghabháil liom go Srath an Urláir fá choinne an choirp.’

‘Déanfaidh, cinnte,’ arsa Pádraig agus chuir sé gloine eile uisce beatha ar an chuntar os coinne Tharlaigh. ‘Nuair a bheas sin ólta agat rachaidh muid thart go dtí an clós go gcuirfidh muid cónra isteach sa charr. Díreach anois caithfidh mise mo fhroc a fháil agus féacháil go mbeidh duine éigin anseo i rith an tráthnóna le hamharc i ndiaidh rudaí.’

Agus d’imigh sé suas chun na cisteanadh.

Shuigh Tarlach ansin ag ól. Smaoinigh sé ar an am a bhí sé féin agus a dheartháir óg agus ar na rudaí a rinne siad.

‘Ba dheas an t-am é,’ dar le Tarlach, ‘ach tagann an aois, faraor, agus an bás.’

Ansin thosaigh sé a dhéanamh amach gnoithe na faire agus an tórraimh. An chéad rud eile chuala sé Pádraig ag teacht anuas as an chistineach.

‘Siúil leat anois, a Tharlaigh,’ arsa seisean ag déanamh amach an doras cúil.

Síos leo go dtí stór mór a bhí ag bun an chlóis.

Bhí carr Phádraig ansin cheana féin.

D'oscail Pádraig an búit agus thug amach cúpla seanmhála saic agus píosa rópa. Chuir sé mála amháin ar urlár an bhúit sa dóigh is nach ndéanfadh sé dochar ar bith don chónra. Anonn leo go dtí an stór. Bhrúigh Pádraig siar an doras mór agus isteach leo. Bhí sé cineál dorchá istigh. Ní raibh solas leictreach ná solas de chineál ar bith eile sa stór ach i gceann tamaill d'éirigh a súile cleachtaithe leis an dorchadas. Anonn leo go dtí coirnéal, áit a raibh trí chónra – ceann i mullach an chinn eile. Ba bheag difear a bhí eatarthu ach, mar sin féin, thug Pádraig a rogha do Tharlach.

'Á, nach cuma,' arsa Tarlach agus bheir sé greim ar chosa an chinn a bhí ar uachtar.

Fuair Pádraig greim ar an cheann agus amach leo go dtí an carr. Chuir siad an ceann isteach ar dtús mar gurbh é ba throime. Ansin chuir Pádraig mála saic ar bharr na cónra agus tharraing anuas doras an bhúit. Leis an rópa cheangail sé an chónra den charr agus ansin cheangail sé doras an bhúit anuas teannta ar an chónra. Sin mar a nítí san am agus muna

raibh an búit fada go leor chuirte an chónra ar bharr an chairr. Amach sna seascaidí tháinig an chéad eileatram chun na háite. Agus sula raibh carranna coitianta is le capall agus carr a d'iompraítí an chónra.

Anois bhí achan rud réidh. Dhruid Pádraig doras an stóir, thug léim isteach sa charr agus d'imigh siad. Bhí acu le gabháil fríd an Dúchoraidh agus Baile na Finne. Ní raibh tarra ar bith ar an bhealach sin san am ach gairbhéal garbh. Bhí poill uisce in achan ísleacht agus clocha garbha ar achan ardán. Ar a suaimhneas rinne siad a mbealach síos lúbacha an Dúchoraidh, fríd an tsráidbhaile agus trasna an droichid. Bhí anois mala mhór fhada le tógáil acu. Bhí an chuid seo den bhealach cnapánach go maith.

Ó d'fhág siad an Clochán Liath ní raibh a fhios ag ceachtar acu go raibh an rópa á ghearradh, áit a raibh sé ag cuimilt in éadan corr géar. Leis an síorchroitheadh anois bhí sé ag gearradh níos gaiste agus le meáchan na cónra ar an mhala ní raibh i bhfad gur bhris an rópa. Ag an am sin bhí an carr ag gabháil thart coradh géar. Leis sin

féin amach leis an chónra mar a bheadh urchar as gunna agus shleamhnaigh isteach i dtaobh an bhealaigh mhóir gur stad tom feagacha í. Níor chuala an bheirt a bhí sa charr dada. D'imigh siad leo agus píosa rópa ina streachlán ina dhiaidh.

Thart fán am seo bhí solas an lae ag meath. Bhí ceathanna troma clocha sneachta ann ó am go ham agus bhí an ghealach ag briseadh amach fríd na néalta idir na ceathanna. Bhí 'Micheál na bPingneach' i ndiaidh an Dúchoraidh a fhágáil, áit a raibh sé ag cruinniú déirce ó mhaidin. Pingineacha ab fhearr leis agus sin mar a fuair sé a leasainm. Bhí braon maith ólta aige mar a bhíodh de ghnáth. Sin an tuige a raibh sé de na pingineacha.

Ach anois bhí sé ar a bhealach go Baile na Finne agus súil aige a bheith ansin roimh am luí. Ach dá mbeadh sé mall féin nár chuma. B'in rud maith amháin fána shaol – thiocfadh leis a am féin a dhéanamh. Nuair a bhainfeadh sé Baile na Finne amach gheobhadh sé foscadh go maidin i mbóitheach, i scioból, nó dá mbeadh rudaí go dona, i gcruach fhéir. Ní raibh an dea-chuma ar

Mhicheál bocht lá ar bith den bhliain. Bhí féasóg ghiobach air agus a chuid gruaige ina clibíní. Ní raibh ach fiacail amháin fágtha ina bhéal agus bhí scéin ina shúile. Bhí a chuid éadaigh ag cur leis an chuid eile de.

Bhí Micheál ag déanamh ar an choradh nuair an chéad rud eile, le solas na gealaí, tchí sé an chónra. Ní dócha go bhfuil duine beo a shiúlfadh thart le cónra caite ar thaobh an bhealaigh mhóir gan sonrú a chur inti. Anonn le Micheál go faichilleach. Ní fear é riamh a raibh eagla air ach san am chéanna tugtar meas do na mairbh agus de ghnáth is marbhán a bhíonn i gcónra. Ach cad chuige a mbeadh cónra caite go hamscaí ar fhód an bhealaigh mhóir? Bhuaile sé an chónra lena chos. D'aithin sé láithreach go raibh sí folamh. Ach cad chuige a raibh sí ansin?

Díreach ag an bhomaite sin d'imigh an ghealach agus mar a bhuailefeá do dhá bhos ar a chéile thosaigh na clocha sneachta. D'amharc Micheál thart ach sa dorchadas féin thuig sé nach raibh foscadh fá bhúirthe asail dó. Níor bhain sé i bhfad as Micheál na ceithre scriú a chasadh amach, an clár a bhaint den chónra,

léim a thabhairt isteach agus an clár a ligean anuas ina mhullach.

Is é a bhí go seascair. Ach leis an deoch a bhí istigh, an siúl as an Dúchoraidh agus na clocha sneachta ag greadadh chlár na cónra mar a bheifeá istigh i ndruma, ní raibh sé i bhfad gur thit Micheál na bPingneach ina chnap codlata.

Ní fios cá fhad a bhí sé ansin ach ag tarraingt ar leath i ndiaidh a seacht bhí beirt bhan ag déanamh a mbealach síos chun an Dúchoraidh chuig an phaidrín. Mí an phaidrín a bhí ann agus bhí sé de ghnás an paidrín a rá achan oíche ar a hocht a chlog i dteach an phobail. Ba ghnách le achan duine freastal ar an phaidrín deich n-oíche i rith na míosa. Ach níor éirigh le Nóra agus Máire sin a dhéanamh mar go raibh slaghdán ar Nóra an chéad choicís agus anois chaithfeadh siad achan oíche a dhéanamh lena ndualgaisí a chomhlíonadh. Sin an fáth a raibh siad ag tarraingt ar theach an phobail an oíche seo.

Bhí sé dorcha fán am seo ach bhí lampa le Nóra a bhí ag taispeáint an bhealaigh dóibh. Bhí siad ag siúl in uillinn a chéile agus iad ag comhrá fá rudaí beaga ina saol. Comharsana a bhí iontu

a chaith saol suaimhneach cneasta ar thaobh an chnoic. Bhí oiread frocanna agus clupaidí orthu is nach raibh le feiceáil díobh ach ó smig go héadan. Cé go raibh an oíche fuar choinnigh an t-éadach agus an siúl te iad.

Ceann de na huaireanta a raibh turadh ann agus ga solais ón ghealach tharla go raibh siad ag teacht thart an coradh ina raibh an chónra. Nóra an chéad duine a chonaic í. Solas na gealaí ag lonrú ar na píosaí práis a thóg a súile. Rinneadh staic di. D'fhéach sí labhairt ach ní thiocfadh an focal amach.

'Cad é atá ort?' arsa Máire a thug fá deara go raibh rud éigin contráilte léi.

'Cróchnaid,' arsa Nóra faoi dheireadh agus le hobair mhór a d'éirigh léi an méid sin féin a rá.

D'amharc Máire sa treo a raibh Nóra ag stánadh.

'A Athair Shíoraí,' arsa sise, 'cá has a dtáinig sin?'

'Cróchnaid,' arsa Nóra arís.

'Bhuel, ní cróchnaid ar bith é,' arsa Máire, 'ach cónra, cibé ar bith atá sí a dhéanamh anseo.'

'Do bharúil an bhfuil corp inti?' arsa Nóra

agus gan í saor ó eagla.

‘Níl a fhios agam,’ arsa Máire, ‘ach thig linn fáil amach.’

‘Cad é mar a dhéanfaidh muid sin?’ arsa Nóra.

‘Tá, siúil leat agus bainfidh muid di an clár.’

‘Ó, a Dhia, níor mhaith liom a ghabháil a cóir,’ arsa Nóra.

‘An bhfeiceann tú,’ arsa Máire, ‘níl scriú ar bith sa chlár. Buailfidh an bheirt againn an clár le barr ár mbróige ag an am chéanna. Tabhair dom do lámh. Seas le mo thaobh. Coinnigh an solas ar cheann na cónra. Anois, in ainm Dé. A haon, a dó, a trí.’

Agus le chéile chaith siad siar an clár. Díreach nuair a bhí an clár ag titim d’éirigh an ‘corp’ a bhí sa chónra ina shuí agus lig sé búirthe. I solas an lampa b’uafásach an radharc é. Tháinig Micheál na bPingneach amach le rois mionnaí móra agus achan chineál mallachtaí ar an té a mhúscaíl é as a shuan ach níor chuala na mná cad é a dúirt sé nó bhí siad cheana féin ar cosa in airde ag déanamh síos ar an Dúchoraidh.

Níor chreid siad riamh gur a dhath eile a bhí ann ach an diabhal.

Nuair a Lonraigh an Lampa



Jacqueline de Brún
Steve Simpson a mhaisigh

D'oscail mé mo shúile go fadálach. Bhí mo chroí i mo bhéal. Níor thuig mé go díreach cad é a bhí i ndiaidh tarlú. Ní dhearna mé ach an lampa aisteach sin a chuimilt agus an chéad rud eile – *bhúis!* – bhí mo chorp ag eitilt agus bhí réaltaí ag spréacharnach thart orm.

Sa deireadh bhí faill agam amharc thart orm féin. Ach cá raibh mé? A leithéid d'áit ní fhaca mé riamh agus, leis an fhírinne a dhéanamh, bhí mé cineál buartha. Áit ghruama dhorcha a bhí ann agus bhí mé i mo sheasamh ag taobh doras millteanach mór.

'Cé atá ag an doras?' a chuala mé go tobann.

D'oscail mé mo bhéal le freagra a thabhairt ar an cheist ach focal ná focal ní thiocthadh amach as.

'An bhfuil tusa anseo le cuidiú liom? Ar thug tú leat é?'

Faoin am seo bhí mé go hiomlán fríd a chéile agus bhí mo sháith agam. Ní duine millteanach cróga mé agus ní raibh mé ag iarraidh fanacht thart le fáil amach cad é an t-uafás a bhí ar an taobh eile den doras seo. Shocraigh mé ar imeacht as an áit seo chomh tiubh géar agus

a thioctadh liom. Líon mé mo chuid scamhóg le haer agus thosaigh mé ag rith. Bhuel, sin an rud a shíl mé ach i ndiaidh tamaill thuig mé go raibh mé cosúil le duine ar inneall reathaíochta – bhí mo chosa ag bogadh ach ní raibh mé ag gabháil áit ar bith. Bhí greim daingean ag ‘rud inteacht’ ar mo ghualainn. Thiontaigh mé ar mo sháil agus d’amharc mé idir an dá shúil air.

Ní rud uafásach a bhí ann ar chor ar bith. Fathach de dhuine a bhí ann a raibh cuma gharbh air ach, mar sin féin, bhí brón sna súile a chuaigh go smior ionam.

‘Ar thug tú leat é?’ a d’impigh sé arís agus é ag stánadh orm.

‘Cad é?’ a dúirt mé sa deireadh agus crith i mo bhéal.

Níor thuig mé cad é a bhí sé a mhaíomh.

‘An taistealaí,’ a dúirt sé. ‘An gléas a chuidigh leat teacht anseo. Ar thug tú leat é?’

Thuig mé ansin gur ag caint ar an lampa a bhí sé agus d’amharc mé thart lena chuartú. Bhí an rud féin ina luí fá ghiota dúinn. I bhfaiteadh na súl shín an fathach amach a lámh agus rug greim ar an lampa luachmhar seo. Shílfeá

gur páiste a bhí ann Lá Nollag. Thosaigh sé ag pocléim le háthas. Bhí lúcháir an domhain air. Bhí greim aige go fóill ar mo ghualainn agus, mar sin de, tharraing sé mé suas agus anuas leis. Bhí mé sásta sa deireadh nuair a stad sé.

‘Sa deireadh, tá sé agam,’ a bhéic sé. ‘Thig liom imeacht! Thig liom imeacht! Caithfidh mé pacáil anois – níl mé réidh. Caithfidh mé deifir a dhéanamh!’

D’imigh sé leis agus ar ball beag tháinig sé ar ais agus cás beag ina lámh aige.

‘Ar aghaidh linn,’ a dúirt sé. ‘Gabh ar aghaidh.’

Ba léir go raibh sé ag dúil liom rud inteacht a dhéanamh ach ní raibh a fhios agam cad é. D’amharc mé air go hamhrasach agus mhothaigh mé go raibh sé ag éirí mífhoighdeach. Cad é an dochar sin a thriail arís? Chuimil mé é go díreach mar a rinne mé roimhe agus – *bhúis!* – don dara huair bhí mo chorp ag eitilt agus bhí réaltaí ag spréacharnach thart orm.

D’oscail mé mo shúile go fadálach arís agus bhí lúcháir orm a fheiceáil go raibh mé sa bhaile arís.

‘Cá bhfuil muid?’

Bhí an fathach liom go fóill agus an chuma air go raibh sé sásta fanacht. Tá sé ina chónaí linn go fóill. Síleann achan duine gur seanuncail de mo chuid é a tháinig chugainn as an Afraic, ach tá a fhios agaibh an fhírinne anois. I dtaca leis an lampa, ní fhaca mé arís é. Sílim go bhfuil sé ag m'uncaíl úr i bhfolach áit inteacht ar eagla go gcuirfeadh duine inteacht ar ais é. Is cuma liomsa nó ní dhéanfainn an turas sin arís ar ór na cruinne agus tá sé an-úsáideach fathach a bheith agat mar uncail.



*ARD an
Chnámharaigh*

Uinsíonn Ó Domhnaill
Christine Warner a mhaisigh



B'fhada ó bhí mé thíos Faoi na Beanna. Blianta, b'fhéidir. Ó, blianta, cinnte. 'Faoi na Beanna' an t-ainm a bhí againn ar an phíosá talaimh a bhí ag síneadh ó bhun na mbeann go dtí an cladach. Na beanna seo, tá siad thart fá dhá fhichead troigh ar airde agus gan ach cosán cúng coise síos go dtína mbun. Mar sin de, rinne na beanna seo idirdhealú idir an chuid sin den fheirm a bhí taobh thíos díobh agus an chuid a bhí ar uachtar.

Beag is mar a bhí Faoi na Beanna bhí a ainm féin ar achan phíosá de. Ceann de na píosaí sin ba ea Ard an Chnámharlaigh. Níor thuig mé riamh ná níor chuala mé riamh cad chuige ar tugadh an t-ainm sin air nó ní fhaca mise riamh aon rian de chnámharlach ar an ardán chéanna. Ardán creagach a bhí ann agus crainn choill ag fás air. Mar sin, is annamh a chuaigh muid a chóir.

Le himeacht ama stad an churaíocht. Stad muid a bhaint úsáide as an talamh. Stad muid a ghabháil síos Faoi na Beanna. Chuaigh blianta thart. Fuair mo mhuintir bás. Druideadh an teach. Chuaigh Faoi na Beanna i bhfiáin.



D'fhás slatacha dubha, crainn choill, driseoga, raitheach agus achan chineál féir agus lustain go dtí nach dtiocfadh le duine daonna a bhealach a dhéanamh síos chun an chladaigh. Rinne éanacha na spéire agus ainmhithe fiáine a gcónaí ann agus bhí mise breá sásta é a fhágáil acu.

Ansin lá amháin cúpla bliain ó shin, agus mé i mo sheasamh ag amharc síos, dar liom nár dheas a ghabháil síos arís, síos agus amach ar an trá. Thug mé liom bata agus síos liom. Leis an bhata bhuail mé agus bhris mé driseoga as mo bhealach. Thóg mé mo chosa breá ard agus bhrúigh síos cibé a d'fhéadfainn. De réir a chéile rinne mé mo bhealach a fhad le hArd an Chnámharlaigh. Sheas mé ar bharr an aird ag amharc uaim.

Ansin thug mé rud éigin fá deara – ón ard síos chun an chladaigh ní raibh féar, feagacha ná rud ar bith ag fás ach eidheann ar an talamh, ar na carraigeacha agus ar na crainn. Eidheann, eidheann achan áit, rud a d'fhág an talamh chomh mín réidh le tábla snúcair.

'Nach deas sin anois,' dar liom. 'Is furasta siúl



thart anseo agus síos chun an chladaigh.'

Ansin shíl mé gur chuala mé duine éigin ag tabhairt m'ainm.

'Mo bhean, is dóigh,' dar liom.

Ach ansin tá difear idir glór duine ag scairteadh ó bharr na mbeann agus an glór a chuala mise. Chuir mé cluas le héisteacht orm féacháil an gcloisfinn arís é. Agus chuala. Ach cá raibh sé ag teacht as? D'amharc mé thart.

'Anseo,' arsa an glór.

D'amharc mé síos agus ansin ag mo chosa bhí an fear beag is lú dá bhfaca mé riamh. Má bhí sé ocht n-orlaí déag, sin an méid. Baineadh stad asam. Ní raibh mé ag dúil lena leithéid. Níor shíl mé ná níor chreid mé go raibh a leithéid ann.

'Abair rud éigin,' arsa seisean.

D'fhéach mé ach ní thiocthadh na focla liom. Ní raibh mé ábalta deireadh iontais a dhéanamh de. Ní raibh sé a dhath níos airde ná mo ghlúin ach é cumtha cosúil le fear fásta. Bhí bríste dubh air an méid de a bhí le feiceáil agus cóta cineál glas síos chóir a bheith go dtí a chuid glún. Bhí péire bróg air chóir a bheith suas go dtí na glúine agus iad ceangailte le hiallacha. Ar a cheann bhí

bairéad dearg. Ach ba í a aghaidh ba shonraíche. Bhí sí roicneach dorcha cosúil le seanphráta a bheadh ina luí thart le bliain. Bhí féasóg fhada liath air agus malaíocha bána. Agus bhí dhá shúil dhorcha dhonna ghéara aige a d’amharc fríom mar a bheadh snáthaidí iontu.

Sa deireadh nuair a fuair mé an chaint liom, ‘Is ea, cad é?’ arsa mise.

‘Is ea, cad é?’ arsa seisean ag aithris orm. ‘Abair “fáilte romhat, a Mhánais”,’ arsa seisean.

‘Fáilte romhat, a Mhánais,’ arsa mé féin agus gan mé chugam féin go fóill.

‘Sin níos fearr,’ arsa seisean.

Chuala mé riamh, má chastar taibhse nó spiorad neamhshaolta ort gur cheart duit fiafraí de cad é atá sé a iarraidh. Phioc mé suas uchtach agus arsa mé féin, ‘An bhfuil a dhath a thig liom a dhéanamh duit?’

‘Tá, cinnte,’ arsa seisean, ‘agus sin an tuige a dtáinig mé i d’araicis.’

‘Cad é a d’fhéadfainnse a dhéanamh duitse nach bhfuil tú féin ábalta a dhéanamh? Ar ndóigh, nach bhfuil draíocht agaibhse?’ arsa mise agus mé ag éirí dána anois.



‘Níl draíocht ná draíocht,’ arsa seisean, ‘ach tá cuid mhór eolais againn agus tá muid iontach cliste. Tá a fhios againn dóigheanna le cuid mhór rudaí a dhéanamh, rudaí nach bhfuil sibhse ábalta a dhéanamh agus sin an tuige a síleann sibhse go bhfuil draíocht againn. Ní thuigeann sibh dóigheanna seo againne.’

‘Agus cad é an gar atá tú a iarraidh ormsa anois?’ arsa mise.

‘Tá,’ ar seisean, ‘an bhfeiceann tú an t-eidheann sin atá ar fud na háite?’

‘Tchím,’ arsa mise.

‘Bhuel, tá sin ag déanamh an saol iontach crua dúinne agus bheadh muid fíorbhuíoch díot ach é a ghlanadh ar shiúl as an áit.’

‘Agus cad é an dochar atá an t-eidheann a dhéanamh daoibh?’

‘Níl muid ábalta siúl fríd. B’fhearr i bhfad féar fada agus feagacha agus driseoga. D’fhéadfadh muid siúl fríoithu, deacair is uile mar a bheadh sé. Ach an t-eidheann, téann sé i bhfostú inár gcosa agus níl muid ábalta siúl ná rith faoi shult. Agus níos measa ná sin, i ndiaidh a bhfuil muid ábalta a dhéanamh níl muid ábalta fáil réitithe

den eidheann damanta sin.'

'Bhuel anois, a Mhánais, thig liomsa an t-eidheann a chartadh ar shiúl ach cad é an luach saothair a gheobhas mise? Cluinim go bhfuil pota óir ag achan duine de bhur gcine. Bheinnse ag súil le gráinnín den ór sin.'

'Níl ór ná ór againn ná gnoithe ar bith againn le hór ach béarfaidh muid íocaíocht duit, cinnte,' arsa Mánas. 'An bhfuil rud ar bith faoi leith ba mhaith leat?'

Thosaigh mé ag smaoineamh go gasta.

'A Mhánais, sula dtéann muid níos faide leis an mhargadh an dtiocfadh linn seal comhrá a dhéanamh? Ba mhaith liomsa rud beag eolais fá dtaobh díot féin agus do dhream.'

'Cinnte,' arsa Mánas, 'cad é ba mhaith leat a fháil amach?'

'Cad é an aois tú?'

'Céad agus trí scór.'

'Céad seasca bliain!' arsa mise agus iontas orm.

'Áhá! Anois ní hionann bliain seo againne agus bliain seo agaibhse. Tá bliain seo agaibhse ag brath ar an ghrian ach tá bliain seo againne



ceangailte leis an lán mara. Is ionann bliain seo againne agus leathchéad ré.'

'Caoga ré,' arsa mé féin agus mé ag cuntas, 'sin thart fá cheithre bliana dár gcuid seo againne. D'fhágfadh sin go bhfuil tusa thart fá sé chéad go leith bliain d'aois.'

'B'fhéidir go bhfuil an ceart agat,' arsa seisean agus nuair a d'amharc mé arís air dar liom go mb'fhéidir go raibh.

'An bhfuil cuimhne agat ar Aodh Rua Ó Domhnaill?' arsa mé féin.

'Tá, cinnte,' ar seisean. 'Is minic a chonaic mé é.'

'An bhfuil cuimhne agat ar Bhrian Bóramha?'

'Níl. Bhí sé ann roimh m'amsa ach is minic a chuala mé na seandaoine ag caint air.'

'Ar chuala tú riamh iomrá ar Thaisce an Úcaire?'

'Chuala.'

'An bhfuil a fhios agat cá bhfuil sí i bhfolach?'

'Tá a fhios.'

'Bhuel, inis dom.'

'Inis duit cad é?'

'Cá háit a bhfuil sí i bhfolach.'



‘Inseoidh agus fáilte nuair a bheas do chuid féin den mhargadh comhlíonta agatsa,’ arsa seisean.

‘Fan bomaite, anois. Chuala mise riamh nár cheart domsa súil a thógáil ó do leithéidse má bhí súil agam luach saothair ar bith a fháil.’

‘Chuala tú cuid mhór amaidí. Am ar bith a bhfuil tusa ag iarraidh mise a fheiceáil tar anuas anseo agus scairt faoi d’anáil, “Mánas a’ tSeabhaic, Mánas a’ tSeabhaic, Mánas a’ tSeabhaic,” agus beidh mise ag do thaobh i bhfaiteadh na súl.’

‘An bhfuil d’fhocal agam air sin?’ arsa mise.

‘Chomh cinnte is atá tú i do sheasamh ansin,’ arsa seisean.

‘Maith go leor, mar sin,’ arsa mé féin. ‘Tá mé ar shiúl fá choinne mo chuid acraí.’

Agus d’imigh mé.

Is mé a chuaigh suas na beanna go haerach aigeanta. Bhí mé ag éisteacht le scéalta fá Thaisce an Úcaire ó tháinig ann dom. Anois ní bheadh i bhfad go mbeadh sí agam. Anois, caithfidh mé a rá nach raibh mé cinnte cad é go díreach a bhí sa taisce chéanna ach caithfidh sé go raibh sí

tábhachtach, de réir an méid cainte a bhí déanta uirthi leis na blianta.

Nuair a bhain mé an baile amach níor dhúirt mé focal fá Mhánas ach greim bia a ithe, spád, corrán agus ráca a thabhairt liom agus déanamh síos Faoi na Beanna arís. Thosaigh mé leis an ráca agus rois mé an t-eidheann den talamh agus tharraing é ina rollóga síos ag déanamh ar an chladach. D'éirigh na rollóga níos mó agus níos mó. I gceann gach tamaill b'éigean dom toiseacht leis an chorrán agus an t-eidheann a ghearradh ag bun na rollóige sa dóigh is go raibh mé ábalta an rollóg a rolláil síos agus isteach san fharraige, ansin toiseacht arís ar rollóg eile. D'obair mé mar sin i rith an lae go dtí go raibh an píosa deireanach den eidheann glanta ar shiúl agam agus mise marbh tuirseach.

Anois, dar liom, go raibh mo chuidse den mhargadh déanta agus go raibh sé in am ag Mánas mo luach saothair a thabhairt dom mar a shocraigh muid.

'Mánas a' tSeabhaic, Mánas a' tSeabhaic, Mánas a' tSeabhaic,' arsa mé féin os íseal.

Bhí sé chomh maith lena fhocal; bhí sé ag mo



thaobh mar a bhuailfeá do dhá bhos ar a chéile.

‘An bhfuil tú sásta leis an obair?’ arsa mé féin.

‘Tá,’ arsa seisean.

‘Bhuel, mar sin, cad é fá do chuidse den mhargadh?’

‘Gheall mise go n-inseoinn duit cá bhfuil Taisce an Úcaire i bhfolach agus déanfaidh mé sin. Tá sí i bhfolach ar bhruach Loch an Mhuilinn.’

‘Tá a fhios agam sin,’ arsa mise. ‘Chuala mé go minic sa tseanchas é. Ach an cheist mhór – cá háit ar an bhruach?’

‘Siúil thusa ar do dheiseal thar bhruach an locha go dtiocfaidh tú a fhad le sruthán ag sileadh amach as. Ansin lean an sruthán trí choiscéim. Tiontaigh do chúl leis an tsruthán agus tabhair trí choiscéim eile. Stad. Tosaigh ag tochailt ag barr do ladhaire.’

Leis sin bhí Mánas ar shiúl as amharc.

Tuirseach is uile mar a bhí mé rinne mé suas chun an tí, chuir ar shiúl an ráca agus an corrán. Chuir mé an spád isteach i mbúit an chairr agus d’imigh ag déanamh ar Loch an Mhuilinn. Anois bhí titim na hoíche ann, rud a bhí maith

nó níor mhaith liom go bhfeicfí mé. D'fhág mé an carr ar thaobh an bhealaigh mhóir, thug liom an spád agus an lampa, agus rinne ar an loch.

Nuair a shroich mé cladach an locha rinne mé mar a d'iarr Máнас agus shiúil mé ar mo dheiseal thart an cladach. Tuairim is ar leathmhíle a bhí siúlta agam nuair a tháinig mé a fhad le sruthán ag sileadh amach as an loch. Stad mé. D'amharc mé thart. Ní raibh duine le feiceáil. Char mhaith liom go bhfeicfeadh an fear ar leis an talamh mé ná duine ar bith eile ach oiread. Ghlac mé na sé chéim mar a ordaíodh. Stad mé. D'amharc mé thart. Ciúnas! Suaimhneas! Uaigneas!

Cé a chuir an taisce i bhfolach anseo? Cad chuige? Cérbh é an t-úcaire? Thosaigh na ceisteanna seo a ghabháil fríd mo cheann. Cad chuige nár baineadh riamh í? B'fhéidir gur baineadh agus nach bhfuil dada ansin anois! An raibh Máнас ag inseacht na fírinne? An raibh mallacht ag gabháil leis an taisce seo? Is minic a chuala mé go mbíonn. Cad chuige nár iarr mé rud éigin eile? An raibh sé rómhall? An dtiocfadh liom a ghabháil ar ais síos Faoi na Beanna agus luach saothair éigin eile a iarraidh ar Mhánas?

Sin an rud a dhéanfainn.

‘Níor bhain mé dó a dhath go fóill,’ arsa mise liom féin. ‘Déarfaidh mé leis nach bhfuil mé ag iarraidh an taisce ach gurbh fhearr liom rud éigin eile. Anois ó tá a fhios agam cá bhfuil an taisce thig liom teacht am ar bith agus í a fháil. Sin má tá sí ansin.’

Ach nár mhór an trua imeacht anois agus mé chomh deas sin don taisce a bheith agam. Ba mhinic a chuala mé daoine ag caint fán taisce ach ní raibh a fhios acusan an áit cheart – bhí a fhios agamsa. Chuir mé an spád sa talamh agus chuir mé mo chos uirthi. Bhrúigh mé síos í go faichilleach. Níor mhothaigh mé a dhath. Bhain mé an phreab sin agus preab eile agus preab eile. Ansin thosaigh mé ag tochailt níos doimhne. Go tobann bhuaile barr na spáide rud éigin crua.

Chaith mé uaim an spád agus thosaigh mé ag tochailt le mo dhá lámh. Leac a bhí ann agus ní raibh i bhfad go raibh barr na leice glanta agam. Go cúramach chuir mé mo mhéara thart ar an leac agus thosaigh á tarraingt chugam. Tháinig sí liom. Thóg mé amach í agus d’fhág ina luí ag mo thaobh í. Fuair mé mo lampa, las mé í agus

d'amharc isteach sa pholl. Ansin os mo choinne bhí poll fá mhéid buicéid agus mála de chineál éigin ann. Thóg mé amach an mála. Bhí a bhéal ceangailte le sreangán. Scaoil mé an sreangán. D'amharc mé isteach.

Leis sin féin chuala mé an uair ba mhó dár chuala mé riamh. Bhain sí an croí asam. Leis an scanradh a fuair mé lig mé don mhála titim ar an leac agus ... mhúscail mise i mo shuí in Ard an Chnámharlaigh agus asal ag búireadh fá dheich slat díom. Bhí an croí scanraithe asam. Chruinnigh mé mé féin i gceann a chéile agus rinne mo bhealach ar ais aníos na beanna chun an tí. Díreach nuair a bhí mé ar bharr na mbeann d'amharc mé síos agus chonaic mé rud a chuir iontas orm. San áit ar shíl mé eidheann a bheith ag fás bhí féar deas bog glas.

'Bíonn na hiontais ann,' arsa mé féin agus d'imigh mé liom chun an tí.







Scanraithe!

Aoife Ní Dhufaigh
Sinéad Ní Uallacháin a mhaisigh

Oíche Dé Sathairn a bhí ann. Bhí Méabh agus beirt chairde dá cuid – Denise agus Sinéad – suite ar an gcláí sa gcarchlós taobh amuigh den phictiúrlann áitiúil. Bhí an triúr acu tar éis an lá ar fad a chaitheamh i gcuideachta a chéile. Bhí an mhaidin caite acu ag gabháil thart sna hionaid siopadóireachta sa mbaile mór ag breathnú ar na héadaí agus ar na bróga deasa galánta a cheannóidís nuair a bheadh an t-airgead acu.

‘Is ea – lá eicínt amach anseo nuair a bhuafaidh muid an lató,’ arsa Denise.

‘Nuair a phósfaidh muid milliúnaithe,’ arsa Sinéad.

Ní fios cén spraoi a bhí ag an triúr cé nár chaith siad leathphingin. Ansin tar éis an lóin chas siad le cuid de na buachaillí agus na cailíní a bhí sa rang céanna leo i Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig agus chuaigh an grúpa ar fad ag babhláil le chéile. Seo socrú a bhí déanta acu an lá a fuair siad laethanta saoire an tsamhraidh mí roimhe sin. Cé nár éirigh leo ar fad a bheith i láthair bhain a raibh acu ann an-sásamh as an ócáid.

Nuair a d'fhág an grúpa slán ag a chéile ag an ionad babhlála ag leathuair tar éis a cúig cheap Méabh, Denise agus Sinéad go raibh sé i bhfad róluath dóibh a bheith ag tabhairt aghaidh ar an mbaile. Bhí an-chraic go deo acu agus ní raibh fonn ar bith ar an triúr scaradh lena chéile fós. Ach cá gcaithfidís an chuid eile den lá? B'in í an cheist.

'Céard faoi a ghabháil chuig an scannán nua sin a raibh na buachaillí ag caint faoi ar ball?' a d'fhiafraigh Méabh. 'Bhí siad á mholadh go hard na spéire.'

'Sin an-phlean go deo,' arsa Denise. 'Tá sé in ainm is a bheith an-bharrúil ar fad.'

Shocraigh siad gurb in é a dhéanfaidís – rachaidís go dtí an phictiúrlann áitiúil go bhfeicfidís an scannán grinn nua a raibh an oiread sin cloiste acu mar gheall air. Dá n-imeoidís as an mbaile mór láithreach ar an mbus bheidís ag an bpictiúrlann sula dtosódh an scannán ag leathuair tar éis a sé, rud a d'fhágfadh go bhféadfaidís a bheith sa mbaile roimh a haon déag mar a bhí geallta acu an mhaidin sin dá dtuismitheoirí.

Tar éis don triúr a raibh acu dá gcuid airgid a chomhaireamh – agus, go deimhin féin, ní mórán a bhí ann – fuaireadar amach go raibh a ndóthain acu leis na ticéid don phictiúrlann a cheannach. Ar éigean! Faraor, ní bheadh tada fágtha don ghrán rósta ná don uachtar reoite. Ach cén dochar. Nach raibh cuid mhaith rudaí milse ite acu ó mhaidin. I bhfad an iomarca, dar le Sinéad!

Anois agus an scannán feicthe acu ní fios cén díomá a bhí ar na cailíní. Ní raibh sé leath chomh barrúil agus a bhíodar ag súil a bheadh sé, bunaithe ar a raibh cloiste acu. Déanta na fírinne ní raibh sa scannán seo ó thús go deireadh ach cúpla radharc greannmhar agus bhí siad sin feicthe acu cheana féin sna fógraí don scannán a bhí ar an teilifís. D'aontaigh an triúr anois go raibh a gcuid airgid caite go fánach acu agus gur beag aird a thabharfaidís feasta ar thuairimí na mbuachaillí.

‘Tá mise ag ceapadh nach iad na scannáin chéanna a thaitníonn le cailíní agus le buachaillí, ar aon chaoi,’ arsa Sinéad.

‘Sin é a deir mo Mham faoin teilifís freisin,’

arsa Méabh. ‘Bíonn sí ag cur di mar gheall go mbíonn mo Dhaid agus mo chuid deartháireacha i gcónaí ag breathnú ar chláir nach mbíonn suim ar bith beo aici féin iontu.’

Shocraigh na cailíní ansin gurb amhlaidh a thógfaidís DVD amach ar cíos an tseachtain dár gcionn. Ag iarraidh a theacht ar réiteach faoi cé acu a phiocfadh an DVD agus cén méid airgead póca a d’fhéadfaidís a choinneáil le caitheamh ar rudaí milse a bhí siad nuair a tháinig sé ina dhíle bháistí gan choinne.

‘An diabhal de bháisteach,’ arsa Sinéad go cantalach agus í ag léim anuas den chlaí. ‘An bhfuil lá ar bith nach mbíonn báisteach againn sa tír seo? Tá mé tinn tuirseach di.’

D’aontaigh Méabh léi.

‘Samhradh, mar dheal!’ a dúirt sí.

‘Beidh mo chuid bróg nua millte ormsa,’ arsa Denise. ‘Agus mé tar éis lán laidhre a chaitheamh orthu do bhainis m’uncail an tseachtain seo caite.’

‘Gabh i leith uaibh, mar sin! Is fearr dúinn rith abhaile nó beidh muid báite,’ arsa Sinéad. ‘Ar aon chaoi, bhí mise an-deireanach ag teacht isteach

aréir agus bhí mo mháthair ag gabháil in aer. Má bhím deireanach arís anocht tabharfaidh sí leathmharú orm agus gach seans gur coinnithe istigh ar fad a bheidh mé an deireadh seachtaine seo chugainn.'

Ní raibh i bhfad ar chor ar bith le gabháil ag Sinéad agus Denise, ó tharla go raibh siad ina gcónaí ar Shráid an Aonaigh, an tsráid a bhí díreach taobh thiar den phictiúrlann. Bhí teach Mhéibhe, áfach, píosa maith as láthair ar an taobh eile den bhaile. Bheadh siúlóid fiche nóiméad ar a laghad le cur di aici.

'Tá an t-ádh dearg ar an mbeirt agaibhse,' arsa Méabh lena cairde. 'Tá éad orm libh. Beidh sibhse ag baile taobh istigh de chúpla nóiméad. Ach beidh mise báite go craiceann.'

'Ach nach bhféadfá fanacht ar foscadh go dtiocfaidh an bus? Nach in a dhéanann tú de ghnáth?' arsa Denise.

'Dhera, ní féidir brath ar an mbus,' arsa Méabh. 'D'fhéadfainn a bheith ansin leathuair. Feicfidh mé sibh ar maidin. Tá súil agam go mbeidh feabhas éigin tagtha ar an aimsir faoin am sin.'

Agus leis sin d'fhág an triúr slán ag a chéile.

D'fháisc Méabh an seaicéad éadrom denime timpeall uirthi agus í ag iarraidh í féin a choinneáil tirim. Ach ba bheag an mhaith a bhí ann. Níorbh fhada go raibh sí ina líbín báite chomh maith le bheith préachta leis an bhfuacht.

Ach, dar ndóigh, bhí cuid den mhilleán uirthi féin. Ní raibh sí gléasta don sórt sin aimsire. Dá dtabharfadh sí toradh ar a máthair an mhaidin sin bheadh a cóta báistí tugtha léi aici. Ach bhí an ghráin dhearg aici ar an seanliobar de chóta céanna. Ní ligfeadh an náire di a leithéid de rud gránna a chaitheamh go poiblí.

Bronntanas 'praiticiúil' a bhí sa gcóta sin a thug a haintín Úna di an Nollaig roimhe sin. Ní raibh amhras ar bith ar Mhéabh ach go mbeadh chuile dhuine ag spochadh aisti dá gcaithfeadh sí an cóta sin – fiú amháin na buachaillí deasa a raibh sí ag babhláil leo níos tuisce sa lá! Bhí sé dona go leor go mbíodh an chulaith scoile b'uafásaí dá bhfaca tú riamh uirthi cúig lá na seachtaine gan í a bheith ag déanamh óinseach di féin os comhair an tsaoil le linn an deireadh

seachtaine! Ag iarraidh cuimhneamh ar bhealach éigin a bhféadfadh an cóta céanna ‘imeacht amú’ a bhí Méabh agus í ag teacht timpeall an choirnéil ag Sráid Thomáis.

Is ansin a bhuail an stolladh gaoithe í. Ba bheag nár baineadh an anáil di.

‘Samhradh, mar dhea,’ a dúirt sí ina hintinn féin arís agus í ag crith leis an bhfuacht. ‘Samhradh in Éirinn!’

Tháinig carr anuas Sráid Thomáis go mall réidh. Bhí an bháisteach chomh trom faoin am sin gur ar éigean a bhí Méabh in ann soilse an chairr a dhéanamh amach ar chor ar bith. Bhí sé ina chlapsholas agus nuair a bhí an carr ag dul thairsti scairt léas solais uaidh.

Is ansin a thug Méabh faoi deara go raibh duine ina sheasamh ar an gcosán díreach trasna na sráide uaithi - duine ard tanaí a raibh cochall ar a cheann. Ní fhéadfadh sí a mhionnú ar dtús go bhfaca sí duine. An raibh sí á shamhlú? Ach ansin sheas sí nóiméad agus chuimil sí a cuid súl. Agus ... is ea ... bhí an duine ann ceart go leor. É ina sheasamh ansin ina staic ag breathnú trasna na sráide.

Ach arís ar ais cén fáth nach mbeadh? Bhí neart daoine amuigh an oíche Shathairn seo. Mar a bhíodh i gcónaí ag deireadh na seachtaine. Ach is é an rud a chuir an t-iontas – agus sórt imní – ar Mhéabh ná go raibh an duine seo ina sheasamh gan cor as agus an chuma air gur ag stánadh ina treo féin a bhí sé. Ní raibh sé ar nós daoine eile a bhí amuigh an tráthnóna gránna seo, a gcloigne fúthu acu agus iad ag iarraidh éalú chomh tapa agus a d'fhéadfaidís ón mbáisteach agus ón bhfuacht.

Thosaigh sí ag siúl níos sciobtha. Níorbh fhada go raibh sí ar sodar. Dar ndóigh, thuig sí go rímhaith nach bhféadfadh sí rith an bealach ar fad abhaile. Ní raibh sí chomh haclaí sin! Go deimhin féin, déarfadh a múinteoir corpoideachais nach raibh sí aclaí ar chor ar bith. Chomh maith leis sin chaithfeadh sí siúl in aghaidh an chnoic agus na gaoithe an chuid is mó den bhealach abhaile. Agus anuas air sin bhí an ghaoth ag séideadh ina gála faoin am sin. Ó tharla a cuid éadaigh agus a cuid buataisí a bheith báite fliuch bhraith Méabh go raibh níos mó stró ná mar ba cheart ag baint le chuile

choiscéim a thóg sí. Ar cheart di a cuid buataisí a bhaint di ar fad agus rith cosnochta?

‘Ach má stopaim cuirfidh sé sin moill orm agus tá mé níos mó ná leath bealaigh anois,’ a dúirt sí léi féin.

Bhí sí ag an gcrosbhóthar faoin am sin agus gan le cur di aici ach dhá shráid eile. Agus ansin bheadh sí slán tirim teolaí ina teach féin!

Sheas Méabh ar imeall an chosáin lena chinntiú go raibh sé sábháilte an bóthar a thrasnú. Ní raibh aon choisithe eile le feiceáil ach bhí an trácht trom. Bóthar contúirteach a bhí ann agus níor mhór do dhuine a bheith cúramach á thrasnú go háirithe ag an am seo den oíche.

Díreach agus í ar tí a ghabháil trasna chonaic sí arís é – an duine céanna a bhí ag stánadh uirthi tamall roimhe sin. Bhí sé ina sheasamh anois ar an gcosán ar an taobh eile den bhóthar uaithe, an cochall fós ar a cheann.

B’fhacthas do Mhéabh go raibh sé ag fanacht le rud éigin ... nó le duine éigin! An léise a bhí sé ag fanacht? Murab ea céard a bhí ar siúl aige? Cé a bheadh chomh díchéillí agus go mbeadh sé

ina sheasamh ar thaobh na sráide oíche mar seo agus an bháisteach ag stealladh anuas air?

Tháinig fuarallas léi. Cén fáth nár fhan sí leis an mbus mar a mhol Denise di? Thosaigh sí ag cuimhneamh ar na scannáin uafáis ar fad a bhí feicthe aici le cúpla bliain anuas. Bhí radharcanna scanrúla as na scannáin ag rith trína ceann. Bean nó cailín ag siúl ina haonar ar shráid dhorcha nó ar bhóthar ciúin iargúlta. Agus ansin, gan aon choinne leis ... an t-ionsaí marfach!

Bhuel, ní tharlódh sé sin dise. Ní ligfeadh sí dá leithéid tarlú di, go háirithe agus í faoi urchar méaróige den bhaile. Shocraigh sí go mbeadh sé níos sábháilte fanacht ar an taobh den bhóthar ar a raibh sí seachas a ghabháil trasna mar a bhí ar intinn aici ar dtús.

Chuir Méabh a ceann fúithi agus thosaigh sí ag siúl chomh sciobtha in Éirinn agus a d'fhéad sí. Bhí aiféala uirthi anois go raibh an oiread sin ranganna corpoideachais cailte aici. Ag ligean uirthi go raibh sí tinn le héalú uathu. Bheadh sí i bhfad níos lúfaire dá ... ach cén mhaith a bheith ag cuimhneamh air sin anois? Bhí sí scanraithe

as a craiceann agus chuile thorann a chuala sí ina timpeall ag cur tuilleadh scéine uirthi. Fiú trup a cuid buataisí féin ar an gcosán!

Thug sí sracfhéachaint fhaiteach amháin i ndiaidh a cúil ach ní raibh duine ná deoraí le feiceáil. Cá raibh sé? An raibh sé bailithe leis ar fad? B'fhéidir go raibh ... Bhí súil le Dia aici go raibh. Ach ina croí istigh chreid Méabh go raibh sé fós i ngar di, i bhfolach in áit chúlraideach dhorcha nach bhféadfaí é a fheiceáil ... nó b'fhéidir gur ag fanacht léi ag an gcéad choirnéal eile a bhí sé!

Timpeall an choirnéil léi de ropadh. Bhreathnaigh sí ina timpeall go faiteach. Ní raibh tásc ná tuairisc air. Is ag bun na sráide seo a bhí a teach féin. Ach, má ba ea féin, ar cheart di glaoch ar a tuismitheoirí? A fhad is a bhí an seans aici? Cé go raibh sí faoi urchar méaróige den bhaile? Agus gan aon tuairisc ag an bpointe sin ar an duine a bhí sa tóir uirthi?

Bhí Méabh idir dhá chomhairle. An mbeidís ag magadh fúithi ag baile? Ag spochadh aisti – iad á rá go raibh an iomarca tóir aici i gcónaí ar na scannáin uafáis? Ach shocraigh

sí go gcuirfeadh sí suas leis an spochadh. Níor mharaigh spochadh aon duine riamh. Gan stopadh ar chor ar bith sháigh sí a lámh isteach ina mála agus thosaigh sí ag útamáil ag iarraidh a theacht ar a fón póca.

D'aimsigh sí an fón i dtóin an mhála ar deireadh. Tharraing sí amach é agus bhrúigh sí na cnaipí le glaoch abhaile. Ach, má bhrúigh, níor tharla faic. Is ansin a chuimhnigh sí gurbh éigean dóibh ar fad a bhfón póca a chur as agus iad sa bpictiúrlann níos túisce tráthnóna.

Bhí sí ag brú an chnaipe leis an bhfón a chur ar siúl arís nuair a shleamhnaigh an fón as a méara fliucha. Síos ar an talamh ... isteach i lochán uisce ag a cosa. Sular chrom sí síos leis an bhfón a fháil bhraith Méabh gur cheart di breathnú taobh thiar di babhta amháin eile. Ar fhaitíos na bhfaitíos ...

Ó, a thiarcais! Bhí sé ann! É ag rith ina treo ar nós na lasrach. Ní raibh dabht ar bith uirthi anois. Ní hé go raibh sí á shamhlú. Bhí an duine seo sa tóir uirthi. Bhí sí i gcontúirt mhór. Chaithfeadh sí éalú.

Thosaigh Méabh ag rith chomh maith in

Éirinn is a bhí sí in ann. Cúpla céad slat agus bheadh sí ag baile slán sábháilte. Chuala sí trup trom na gcos taobh thiar di agus bhí a fhios aici go rabhadar ag teacht níos gaire di le gach coiscéim. Bhí an duine seo i bhfad níos tapúla ná í féin. Nóiméad ar bith anois agus bheadh lámh ar a gualainn – lámh timpeall ar a muineál. Rinne sí tréaniarracht rith níos tapúla ach ní fhéadfadh sí.

Faoin am sin bhí sí caite spíonta. Ba ar éigean a bhí aon spreacadh fanta inti. Bhí sí ag cailleadh a cuid misnigh. Thuig sí nach raibh mórán seans ann anois go mbainfeadh sí an teach amach slán sábháilte. D’oscail sí a béal le scréach a ligean aisti. Ach díreach ansin chuala sí a ghlór.

‘Stop!’ a dúirt sé. ‘Céard sa diabhal atá ort? Chaill tú d’fhón póca. Fan liom!’

‘Fanacht le dúmharfóir?’ a dúirt Méabh ina hintinn féin. ‘An bhfuil sé ag ceapadh go mbeinn chomh díchéillí – go bhfuil mé craiceáilte uileag?’

Ach lean an glór air. Ag impí uirthi stopadh.

‘Fan, a Mhéabh. Céard atá ort? Mise atá ann ... Breandán.’

Bhí Méabh chomh trína chéile sin faoin am sin is gur thóg sé tamall ar an méid a bhí ráite aige a ghabháil i bhfeidhm uirthi. Ach ansin go tobann thuig sí. Sheas sí ina staic i lár an chosáin. Ní dúnmharfóir a bhí ag rith ina diaidh ar chor ar bith! Duine a d'aithin sí a bhí ann! Duine dá comhscoláirí!

D'iompaigh sí timpeall go mall, a croí fós ag preabadh. Agus cé a bheadh ina sheasamh os a comhair amach ach ... Breandán Ó Móráin. É báite go craiceann cosúil léi féin agus a chochall fliuch thar a chloigeann aige. Bhí Breandán in aon rang léi féin sa scoil agus súil ag na cailíní ar fad – í féin san áireamh – air. Ní hé amháin go raibh an leaid seo dathúil agus barrúil ach bhí sé lách cineálta chomh maith.

Ach anois is mó an fonn a bhí uirthi leathmharú a thabhairt air. Sul má bhí am aici cuimhneamh i gceart uirthi féin thosaigh sí á bhualadh lena cuid dorn.

'An bhfuil a fhios agat gur scanraigh tú an t-anam asam, a liúdrámáin? Is beag nach raibh taom croí agam,' a dúirt sí de bhéic.

Ansin tharraing sí buille eile air. Sa mbolg an

babhta seo. Chomh tréan agus a bhí sí in ann.

‘Cén fáth nár labhair tú roimhe seo, a phleota? In áit a bheith ag cúinneáil thart. Bhí mé scanraithe as mo chraiceann. Cheap mé go raibh duine craiceáilte eicínt sa tóir orm – ag iarraidh mé a ionsaí!’

Ach ní raibh an anáil ag Breandán bocht le hí a fhreagairt leis an mbualadh a bhí sé á fháil uaithe. Ach ar deireadh d’éirigh leis breith ar a dhá lámh le hí a stopadh.

‘Éirigh as, a Mhéabh, as ucht Dé ort,’ a dúirt sé. ‘Stop do mo bhualadh. Tabhair seans dom labhairt.’

‘Bhuel, abair leat, mar sin,’ arsa Méabh agus cantal uirthi. ‘Inis dom faoin sásamh a bhain tú as a bheith ag faire orm agus an t-anam ag titim asam.’

Bhreathnaigh Breandán uirthi agus níor dhúirt sé tada ar feadh soicind.

‘Ní hin é an chaoi a bhfuil sé ar chor ar bith, a Mhéabh. Chonaic mé taobh amuigh den phictiúrlann thú le do chuid cairde – Sinéad agus Denise – nuair a bhí mé ar mo bhealach abhaile. Bhí mé ag iarraidh a ghabháil anonn

chugat ansin ach shocraigh mé go mb'fhearr dom fanacht nó go mbeifeá leat féin.'

'Ach nach in ceathrú uaire ó shin?' arsa Méabh.

'Tá a fhios agam,' arsa Breandán, 'ach nuair a bhí mé ag teacht thar an óstán bhí duine de na comharsana ag teacht amach. Chuir sé míle ceist orm faoin gcluiche a bhí againn inné agus níorbh féidir liom éalú uaidh. Ar aon chaoi, mar a bhí mé ag rá, bhí fonn orm labhairt leat inniu nuair a bhí muid san ionad babhlála. Ach bhí tú féin agus na cailíní eile ag crochadh as a chéile ar nós mar a bhíonn sibh i gcónaí agus ní bhfuair mé an seans.'

'Bhuel?' arsa Méabh go mífhoighdeach. 'Tá mé liom féin anois. Abair cibé ar bith céard atá le rá agat.'

'Taitníonn tú liom,' arsa Breandán agus é ag breathnú isteach idir an dá shúil uirthi. 'Taitníonn tú thar cionn liom. An bhféadfadh an bheirt againn castáil le chéile uair eicínt. Linn féin? Le gabháil go dtí an phictiúrlann. Nó ... rud eicínt eile a dhéanamh. Níl a fhios agam ... cibé ar bith céard ba mhaith leat féin ...'

Nuair a bhí an méid sin ráite aige chuir sé a

cheann faoi. Bhí an oiread sin iontais ar Mhéabh is nár fhan focal aici. Ó thús na bliana bhí sí suite taobh thiar den leaid seo sa rang eolaíochta. Ceithre huair sa tseachtain. Suite ansin ag stánadh ar chúl a chinn, í ag brionglóidigh faoin lá a dtabharfadh sé faoi deara í agus go ndéarfadh sé rud eicínt deas léi. Rud eicínt mar seo!

Ach níor tharla sé riamh ina cuid brionglóidí go raibh sí fliuch báite agus cuma na hainnise uirthi. Tar éis tamaill thuig Méabh go raibh Breandán ag fanacht go foighdeach le freagra uaithi – go raibh sé thar am aici rud eicínt a rá. Bhí sé ag breathnú síos ar an talamh anois agus é ag ciceáil barraicíní a dhá bhróg in aghaidh dhromchla an chosáin.

‘Is ea, togha,’ a dúirt sí go cúthalach. ‘Thaitneodh sé sin liom.’

Agus ar chúis eicínt nár thuig sí féin ní fhéadfadh sí níos mó ná sin a rá. Ise! Cailín nach stopfadh ag caint ó d’éiríodh sí ar maidin go dtéadh sí a chodladh san oíche! A mbíodh a mamó ag glaoch ‘roilleach’ uirthi!

Ach ba chosúil go raibh Breandán sásta go leor leis an bhfreagra a bhí faighte aige. Bhí sé ag

breathnú uirthi anois agus meangadh mór air.

‘Cuirfidh mé téacs chugat amárach, mar sin, agus déanfaidh muid socrú,’ a dúirt sé. ‘Oíche mhaith, a Mhéabh. Agus tá an-bhrón orm gur scanraigh mé thú. Ní raibh a leithéid i gceist agam in aon chor.’

‘Oíche mhaith, a Bhreandáin,’ a dúirt sí go ciúin agus thosaigh sí ag siúl abhaile go ríméadach. Aisteach go leor níor bhraith sí fuar ná fliuch níos mó. Bhí gliondar ina croí. Tháinig meangadh gáire ar a béal. Chuirfeadh sé téacs chuici amárach! Agus bheidís ag siúl amach le chéile. Ach ansin gan aon choinne bhí Breandán lena taobh arís.

‘Seo,’ a dúirt sé. ‘D’fhón póca. Níor chuimhnigh mé ar é a thabhairt duit. Tá súil agam nach bhfuil sé briste.’

Agus sháigh sé an fón póca isteach ina lámh. Nuair a bhreathnaigh sí suas air le ‘go raibh maith agat’ a rá chrom sé a cheann agus phóg sé go sciobtha ar a leiceann í.

‘Beidh mé ag caint leat amárach, mar sin,’ a dúirt sé agus ansin bhí sé imithe uaithi de ropadh síos an tsráid.

Tar linn ar thuras scéalaíochta.
Buailfidimid le mic tíre, marbhánach,
fathach agus firín beag bídeach.
Tabharfaimid cuairt ar mhúsaem agus
ar shiopa ceoil is siúlfaimid sráideanna
na mbruachbhailte. Cad a tharlóidh i
gcaitheamh an turais? Bhuel ... sin scéal eile!

 AN GÚM

